



AN BANC CEANNAIS EORPACH

AN tEUROCHÓRAS

# Treoirleabhar um dhul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis náisiúnta i dtaobh dréachtfhorálacha reachtacha

Aibreán 2025



# Clár

|   |           |
|---|-----------|
| <b>Réamhrá</b>  | <b>3</b>  |
| <b>1 Cúlra fheidhm chomhairleach BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha</b>                           | <b>5</b>  |
| <b>2 Na cuspóirí a ghabhann le Cinneadh 98/415/CE</b>   | <b>8</b>  |
| <b>3 Raon feidhme na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE</b>   | <b>10</b> |
| 3.1 Na húdaráis chomhairliúcháin  | 10        |
| 3.2 Na dréachtfhorálacha reachtacha a chumhdaítear  | 11        |
| 3.3 Réimsí inniúlachta BCE  | 14        |
| 3.4 Reachtaíocht cur chun feidhme   | 19        |
| <b>4 Cásanna ina ndiúltaíonn BCE tuairimí a ghlacadh mar fhreagairt ar iarrataí ar chomhairliúchán</b>    | <b>22</b> |
| 4.1 Litreacha um neamhghlacadh  | 22        |
| 4.2 An fhéidearthacht iarraidh neamhfhoirmiúil a dhéanamh   | 23        |
| <b>5 An nós imeachta comhairliúcháin</b>  | <b>24</b> |
| 5.1 An t-am iomchuí chun dul i gcomhairle le BCE  | 24        |
| 5.2 An iarraidh ar thuairim   | 25        |
| 5.3 Teorainneacha ama   | 27        |
| 5.4 Admháil fála  | 29        |
| 5.5 An tuairim ó BCE a ullmhú agus a ghlacadh   | 29        |
| 5.6 An réimeas teanga   | 30        |
| 5.7 An tuairim a tharchur agus í a bhreithniú tuilleadh   | 30        |
| 5.8 Foilsíú   | 30        |
| <b>6 Comhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE</b>  | <b>33</b> |
| <b>7 Na hiarmhairtí dlíthiúla a ghabhann le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE</b> | <b>34</b> |
| <b>Iarscríbhinn</b>   | <b>36</b> |

Cinneadh 98/415/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le  
dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis  
náisiúnta i dtaobh dréachthforálacha reachtacha

36

# Réamhrá

Le blianta fada anuas, tá an *Treoirleabhar um dhul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis náisiúnta i dtaobh dréachtfhorálacha reachtacha* ina uirlis úsáideach do na húdaráis náisiúnta agus don phobal i gcoitinne. Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar na Ballstáit comhairle a lorg ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le dréachtfhorálacha reachtacha a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE. Tugtar faisnéis mhionsonraithe sa Treoirleabhar faoin bpróiseas trína dtéann údaráis náisiúnta i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha lena ndéileáiltear le hábhair a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE. Is gá anois an Treoirleabhar, a foilsíodh den chéad uair in 2005 agus a nuashonraíodh in 2015, a thabhairt cothrom le dáta chun go dtabharfar san áireamh ann an taithí is déanaí atá ag BCE ar chomhairliúcháin den sórt sin, agus tairbhe á baint freisin as deich mbliana de thaithí ó bunaíodh an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) in 2014. Mar is amhlaidh i gcás gach aon fhoilseachán eile de chuid BCE, léirítear sa Treoirleabhar seo a dhílse atá BCE do phrionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta agus cuidíonn sé le haidhmeanna agus gníomhaíochtaí BCE a chur in iúl ar bhonn níos forleithne.

Dá bhrí sin, tá BCE tar éis an Treoirleabhar seo a thabhairt cothrom le dáta chun faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus chun cúnamh a thabhairt dóibh maidir leis an oibleagáid atá orthu dul i gcomhairle le BCE, bunaithe ar an gcleachtas is déanaí de chuid BCE. Chuige sin, mínítear sa Treoirleabhar na cuspóirí agus an raon feidhme na hoibleagáide a bhaineann le dul i gcomhairle le BCE agus soiléirítear ann an nós imeachta atá le leanúint. Ní féidir leis an Treoirleabhar, áfach, freagra a thabhairt ar gach cás féideartha le cinnteacht iomlán, agus mar sin is cinnte go bhfuil sé riachtanach fós measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dul i gcomhairle le BCE ar bhonn cás ar chás, agus leas á bhaint as an treoraíocht atá le fáil sa Treoirleabhar seo.

Tá súil agam go leanfaidh an Treoirleabhar nuashonraithe seo d'fheasacht a mhúscailt maidir le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe uile lena mbaineann agus go mbeidh de thoradh air go mbeidh tuiscint níos fearr fós ann ar fheidhm chomhairleach BCE. I ndáil leis sin, tá sé beartaithe freisin leis an Treoirleabhar go spreagfar úsáid bhreise an nós imeachta comhairliúcháin le haghaidh ábhair a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE agus, dá bhrí sin, go gcuirfead le comhchuibhiú reachtaíocht ábhartha na mBallstát.

Ar deireadh, ba mhaith liom béim a leagan ar an tábhacht leanúnach a bhaineann leis an dlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta atá rannpháirteach sa phróiseas reachtach agus an Córas Eorpach Banc Ceannais/an tEurochóras. Táim muiníneach go leanfaidh an foilseachán seo de thacaíocht a thabhairt don dlúthchomhar sin ar mhaithe le leas na bpáirtithe uile atá i gceist.

Frankfurt am Main, Aibreán 2025

Frank Elderson  
Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE

# 1 Cúlra fheidhm chomhairleach BCE maidir le dréachtforálacha reachtacha

Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an ‘Conradh’) tugtar feidhm chomhairleach do BCE maidir le gníomhartha dlí beartaithe de chuid an Aontais agus maidir le dréachtforálacha reachtacha beartaithe de chuid na mBallstát laistigh de réimsí inniúlachta BCE. Is iad Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh, atá le fáil freisin in Airteagal 4 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (‘Reacht CEBC’), an príomhbhunús dlí atá le feidhm chomhairleach BCE i ndáil leis sin.

Tá an creat le haghaidh comhairliúcháin leis an mBanc Ceannais Eorpach ag na húdaráis náisiúnta leagtha amach i gCinneadh 98/415/CE ón gComhairle<sup>1</sup> (‘Cinneadh 98/415/CE’), atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 1999 agus a bhfuil feidhm aige maidir leis na Ballstáit uile. Go dtí 2004, ghlac BCE 30 tuairim in aghaidh na bliana ar an meán mar fhreagra ar chomhairliúcháin ó údaráis náisiúnta. Tháinig méadú ar líon na mBallstát in 2004, 2007 agus 2013 agus bhí líon na dtuairimí ó BCE maidir le dréachtforálacha reachtacha náisiúnta guagach sa tréimhse ó 2004 go 2007, agus treocht fhoriomlán ann go raibh líon na dtuairimí a glacadh ag dul i méid: 30 tuairim in 2004, 48 dtuairim in 2005, 52 thuairim in 2006, agus 35 thuairim in 2007. Mar gheall ar an suaitheadh sna margaí airgeadais sa tréimhse ó 2008, tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairimí ó BCE maidir le dréachtforálacha reachtacha náisiúnta sa tréimhse ó 2008 go 2014, agus buaiclón 95 á bhaint amach in 2012.

Ó 2015 i leith, tá líon na dtuairimí maidir le dréachtforálacha reachtacha náisiúnta ar ais go dtí an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais, sa raon ó 52 thuairim in 2015 go 35 thuairim in 2023 agus 38 dtuairim in 2024. Chomh maith leis sin, ghlac BCE cinneadh straitéiseach tábhachtach in 2015 a bhfuil tionchar aige ar líon na dtuairimí maidir le dréachtforálacha reachtacha a ghlacann sé: chinn sé nár cheart aon tuairim a ghlacadh mar fhreagairt ar chomhairliúcháin maidir le dréachtreachtaíocht náisiúnta i gcás inarb é tuairim BCE nach mbaineann na dréachtforálacha reachtacha ach go himeallach lena réimsí inniúlachta. De thoradh an chinnidh sin, is é seo a leanas an miondealú ar an líon uaireanta in aghaidh na bliana a dhiúltaigh BCE tuairim a eisiúint mar fhreagairt ar chomhairliúcháin náisiúnta sa tréimhse idir 2016 agus 2024: 2016 (25), 2017 (20), 2018 (4), 2019 (12), 2020 (12), 2021 (24), 2022 (15), 2023 (21), 2024 (19). Ní foláir a thabhairt chun suntais, áfach, go bhfuil an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE faoi Chinneadh 98/415/CE fós i bhfeidhm agus gan athrú, fiú más dealraitheach nach mbaineann na dréachtforálacha reachtacha ach go himeallach le réimsí inniúlachta BCE. Is próiseas dhá chéim é an dul i gcomhairle le BCE. Is é atá sa chéad chéim an oibleagáid tosaigh dul i gcomhairle le BCE i gcás ina mbaineann na gníomhartha dlí beartaithe de chuid an Aontais nó dréachtforálacha reachtacha na mBallstát (más

<sup>1</sup> Cinneadh ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis náisiúnta maidir le dréachtforálacha reachtacha (IO L 189, 3.7.1998, Ich. 42). Atáirgtear téacs Chinneadh 98/415/CE san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

go himeallach féin é) le réimsí inniúlachta BCE. Is éard atá sa dara céim measúnú ag BCE a bhféadfadh glacadh tuairime a bheith mar thoradh air – nó litir um neamhghlacadh nuair nach mbaineann na dréachtfhorálacha reachtacha ach go himeallach le réimsí inniúlachta BCE, gan tionchar suntasach a imirt orthu, lena n-áirítear nuair is é trasú reachtaíocht an Aontais an cuspóir eisiach atá leo, mar a thuairiscítear i Roinn 5.1 den Treoirleabhar seo.

#### **Airteagal 127(4) den Chonradh:**

‘4. I dtaca leis an mBanc Ceannais Eorpach:

- rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Aontais arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta,
- rachaidh údaráis náisiúnta i gcomhairle leis maidir le haon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimsí inniúlachta, ach faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 129(4).

Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí iomchuí an Aontais nó faoi bhráid na n-údarás náisiúnta.’

#### **Airteagal 282(5) den Chonradh:**

‘5. Rachfar i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, sna réimsí a thig faoina fhreagrachtaí, maidir le gach gníomh Aontais arna bheartú, agus le gach togra rialacháin ar leibhéal náisiúnta, agus féadfaidh sé tuairimí a thabhairt.’

#### **Airteagal 4 de Reacht CEBC:**

‘I gcomhréir le hAirteagal 127(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

(a) i dtaca leis an BCE:

- rachfar i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh Aontais arna bheartú laistigh dá réimsí inniúlachta;
- faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, rachaidh údaráis náisiúnta i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtaíochta laistigh dá réimsí inniúlachta;

(b) féadfaidh sé tuairimí ar ábhair laistigh dá réimsí inniúlachta a chur faoi bhráid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí Aontais nó na n-údarás náisiúnta.’

#### **Airteagal 25.1 de Reacht CEBC:**


‘Féadfaidh BCE comhairle a thabhairt don Chomhairle, don Choimisiún agus d’údaráis inniúla na mBallstát agus féadfaidh siad dul i gcomhairle leis maidir le raon

feidhme agus le cur chun feidhme reachtaíocht Aontais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.’

Tá Cinneadh 98/415/CE dréachtaithe i dtéarmaí ginearálta go leor agus, chun a áirithiú go bhfuil sé lánéifeachtach, ní mór do na húdaráis náisiúnta an-tuiscint a bheith acu ar an méid seo a leanas: (a) na cuspóirí a ghabhann leis; (b) raon feidhme na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE; (c) an nós imeachta atá le leanúint; agus (d) an éifeacht a d’fhéadfadh a bheith ag mainneachtain dul i gcomhairle le BCE ar dhlíthiúlacht na reachtaíochta náisiúnta atá i gceist. Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas ó Chinneadh 98/415/CE a chur i bhfeidhm ó 1999 i leith, is é is aidhm don Treoirleabhar seo na húdaráis náisiúnta uile a bhfuil baint acu le hullmhú forálacha reachtacha a chur ar an eolas faoi na ceithre ghné sin ionas go bhfuil siad láneolach ar a gcearta agus ar a n-oibleagáidí. Tá roinnt moltaí sa Treoirleabhar seo freisin chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an nós imeachta comhairliúcháin éifeachtúil. Ní féidir leis an Treoirleabhar, áfach, freagra a thabhairt ar gach cás féideartha le cinnteacht iomlán, agus mar sin tá sé riachtanach fós measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le dul i gcomhairle le BCE ar bhonn cás ar chás, agus leas á bhaint as an treoraíocht atá le fáil sa Treoirleabhar seo. Chun na measúnuithe cás ar chás sin a dhéanamh, molann BCE do na húdaráis an liosta de na tuairimí a glacadh le déanaí agus de na litreacha um neamhghlacadh (féach roinn 6.8.1) atá ar EUR-Lex a scrúdú.

### Cairt 1

Líon na dtuairimí ó BCE a eisíodh mar fhreagairt ar chomhairliúcháin ó údaráis náisiúnta, lena n-áirítear na tuairimí féintionscnaimh (iad marcáilte le dath difriúil).



Foinse: BCE, sonraí ó EUR-Lex.



## 2 Na cuspóirí a ghabhann le Cinneadh 98/415/CE

I mbreithiúnas *OLAF*<sup>2</sup>, shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an 'Chúirt') na cuspóirí a ghabhann le hAirteagal 127(4) den Chonradh i dtéarmaí na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE maidir le haon ghníomh dlí beartaithe de chuid an Aontais laistigh dá réimsí inniúlachta. Dar leis an gCúirt, tá an oibleagáid sin beartaithe 'go bunúsach chun a áirithiú nach nglacfaidh an reachtas an gníomh ach amháin nuair a bheifear tar leis éisteacht leis an gcomhlacht, atá in ann, de bhua na bhfeidhmeanna sonracha a fheidhmíonn sé i gcreat an Chomhphobail sa réimse lena mbaineann agus de bhua an ardeibhéil saineolais atá aige, ról úsáideach a bheith aige sa phróiseas reachtach atá beartaithe'.

Cé go mbaineann breithiúnas *OLAF* leis an oibleagáid atá ar institiúidí an Aontais dul i gcomhairle le BCE maidir le gníomhartha dlí beartaithe de chuid an Aontais, cuidíonn sé freisin le soiléiriú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit dul i gcomhairle le BCE maidir lena ndrúachtfhorálacha reachtacha. Is féidir a léamh as breithiúnas *OLAF* gurb é an príomhchuspóir a ghabhann le Cinneadh 98/415/CE go gcuirfí ar chumas BCE comhairle ó shaineolaithe a chur ar fáil do reachtóirí náisiúnta, ag am iomchuí, maidir le drúachtfhorálacha reachtacha a bhaineann le hábhair atá laistigh de réimsí inniúlachta BCE. Is é is aidhm don chomhairle seo a áirithiú go mbeidh de thoradh ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta: (a) go rannchuidíonn sé le cuspóirí BCE agus/nó an Eurochórais/an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) a bhaint amach; (b) go bhfuil sé comhoiriúnach le creat dlíthiúil an Eurochórais/CEBC agus/nó BCE; agus (c) go bhfuil sé i gcomhréir le beartais an Eurochórais/CEBC agus/nó BCE.

Tá an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE faoi Chinneadh 98/415/CE ceaptha chun oibriú mar chóras coiscteach agus chun teacht roimh fhadhbanna i leith reachtaíocht náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach nó neamhréireach. Dá bhrí sin, ní mór dul i gcomhairle le BCE nuair atá an fhoráil reachtach fós ag céim dhréachta, agus go háirithe ag céim inar féidir leis na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le hullmhú agus glacadh na reachtaíochta lena mbaineann an tuairim ó BCE a chur san áireamh ar bhealach úsáideach.

Go praiticiúil, de thoradh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE táthar tar éis cur ar chumas na mBallstát a áirithiú go leanann an reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear reachtanna a mbanc ceannais náisiúnta (BCNanna), de bheith ag luí leis an

<sup>2</sup> Cás C-11/00, *Coimisiún na gComhphobal Eorpach v an Banc Ceannais Eorpach*, ECLI:EU:C:2003:395, go háirithe míreanna 110 agus 111 den bhreithiúnas. Sa chás sin, sheas an Chúirt le gníomhaíocht an Choimisiúin agus neamhnigh sí Cinneadh BCE/1999/5 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Deireadh Fómhair 1999 maidir le calais a chosc (IO L 291, 13.11.1999, lch. 36). Tá an breithiúnas suntasach toisc go soiléirítear ann feidhm chomhairleach BCE ós rud é gur scrúdaigh an Chúirt, mar fhreagairt ar iarraidh ó BCE, na cuspóirí a ghabhann le hAirteagal 127(4) den Chonradh den chéad uair.

gConradh agus le Reacht CEBC, mar a fhoráiltear in Airteagal 131 den Chonradh agus in Airteagal 14.1 de Reacht CEBC.

Tá roinnt buntáistí breise ag baint leis an nós imeachta comhairliúcháin a bunaíodh le Cinneadh 98/415/CE. Tá sé luachmhar ó thaobh comhroinnt faisnéise agus saineolais a chur chun cinn. Is bealach tábhachtach iad na comhairliúcháin chun BCE a choinneáil ar an eolas i dtaobh forbairtí reachtacha sna Ballstáit a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE. An saineolas a ghnóthaíonn BCE trí scrúdú a dhéanamh ar na dréachtfhorálacha reachtacha a dtéitear i gcomhairle leis ina leith, is acmhainn é a chabhraíonn le BCE a sheasamh féin a fhoirmiú, mar shampla i bhfóirne de chuid an Aontais nó i bhfóirne idirnáisiúnta ina bpléitear ábhair chomhchosúla. Thairis sin, cé go n-aithnítear na gnéithe ar leith den reachtaíocht náisiúnta, tá de thoradh ar thuairimí ó BCE go gcothaítear comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát laistigh de réimsí inniúlachta BCE agus go gcuidítear le cáilíocht na reachtaíochta náisiúnta a fheabhsú, ós rud é go mbíonn a chuid tuairimí bunaithe ar shaineolas atá gnóthaithe ag BCE le linn dó a chúraimí a fheidhmiú<sup>3</sup>. Féadfaidh tuairimí ó BCE a bheith ina bhfoinse freisin a fhéadfaidh an Chúirt a chur san áireamh in imeachtaí a bhaineann le comhréireacht na bhforálacha reachtacha lena mbaineann leis an gConradh, agus féadfaidh cúirteanna náisiúnta tuairimí ó BCE a thabhairt san áireamh in imeachtaí maidir le léirmhíniú nó bailíocht na bhforálacha reachtacha náisiúnta lena mbaineann.

Mar atá amhlaidh i gcás tuairimí ó institiúidí eile an Aontais, níl aon bhrí cheangailteach le tuairimí ó BCE, mar a shonraítear in Airteagal 288, an cúigiú mír, den Chonradh. Is é sin le rá, níl sé d'oibleagáid ar reachtóirí náisiúnta an tuairim ó BCE a leanúint. Mar sin féin, tá an córas a bunaíodh le Cinneadh 98/415/CE ceaptha chun a áirithiú nach nglacfar reachtaíocht náisiúnta ach amháin tar éis aird chuí a thabhairt ar an tuairim ó BCE. Is é an taithe atá ann go bhfuil an córas sin éifeachtach agus chomhaontaigh reachtóirí náisiúnta go ginearálta dréachtfhorálacha reachtacha a leasú nó fiú a tharraingt siar seachas reachtaíocht a thagann salach ar sheasamh BCE a ghlacadh.

Ar deireadh, tá de thoradh ar an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE go gcuidítear le cumarsáid sheachtrach BCE leis an bpobal i gcoitinne agus leis na margáí. Is é beartas ginearálta BCE an trédhearcacht a spreagadh agus, chuige sin, is iondúil go ndéantar tuairimí a eisítear mar fhreagairt ar chomhairliúcháin na n-údarás náisiúnta a fhoilsiú in EUR-Lex díreach tar éis iad a ghlacadh agus a tharchur ina dhiaidh sin chuig an údarás comhairliúcháin.

<sup>3</sup> Féach mír 140 den Tuairim ón Abhcóide Ginearálta i gCás C-11/00, a formhuiníodh i mír 110 de bhreithiúnas na Cúirte i gCás C-11/00.

## 3 Raon feidhme na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE

### 3.1 Na húdaráis chomhairliúcháin

#### **Airteagal 2(1) agus (2) de Chinneadh 98/415/CE:**

‘1. Rachaidh údaráis na mBallstát i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtach laistigh dá réimse inniúlachta de bhun an Chonartha [...].

2. Ina theannta sin, rachaidh údaráis na mBallstát, seachas na Ballstáit rannpháirteacha, i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhorálacha reachtacha ar ionstraimí an bheartais airgeadaíochta.’

#### 3.1.1 Raon na n-údarás a chumhdaítear

Leagtar amach go soiléir in Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE go bhfuil sé de dhualgas ar ‘údaráis na mBallstát’ dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta laistigh dá réimsí inniúlachta. Ós rud é go bhfuil feidhm ag Cinneadh 98/415/CE maidir leis na Ballstáit uile, is iad na húdaráis lena mbaineann ní hamháin údaráis na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (‘Ballstáit an limistéir euro’), ach freisin údaráis na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu (‘Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro’).

Is iad údaráis na mBallstát ‘na húdaráis [...] atá ag ullmhú foráil reachtach’, mar a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh 98/415/CE. Ina theannta sin, leanann sé ó Airteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE gur féidir leis an údarás comhairliúcháin a bheith éagsúil ní hamháin leis an ‘údarás glactha’, ach freisin leis an ‘údarás atá ag tionscnamh na dréachtfhorála reachtaí’.

Go praiticiúil, téann réimse leathan údarás i gcomhairle le BCE. I gcás reachtaíocht a théann trí pharlaimint náisiúnta, is é an taithí atá ann gurb é an t-aire atá freagrach as dréachtreachtaíocht laistigh de réimsí inniúlachta BCE a théann i gcomhairle le BCE. Nuair is feisire de pharlaimint náisiúnta seachas an rialtas a thionscnaíonn an reachtaíocht, is ar an bparlaimint a bhíonn an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE mar a shonraítear i Roinn 4.1.2 den Treoirleabhar seo. Uaireanta déantar comhairliúcháin den sórt sin a sheoladh trí BCNanna a ghníomhaíonn thar ceann an údarás comhairliúcháin. Téann BCNanna agus údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) i gcomhairle le BCE freisin ina gcáil mar údarás a bhfuil a chumhachtaí rialála féin aige nó, ó am go chéile, a bhfuil a cheart féin aige reachtaíocht a thionscnamh.

I gcás reachtaíocht a ghlactar trí nós imeachta éigin eile, de ghnáth is é an t-údarás a bhfuil an inniúlacht aige an gníomh lena mbaineann a ghlacadh, mar shampla comhalta den rialtas náisiúnta, a théann i gcomhairle le BCE.

Ar deireadh, tá údaráis náisiúnta a raibh baint acu ar bhonn de jure nó de facto leis an bpróiseas um ghlacadh – mar shampla BCNanna, údaráis mhaoirseachta, údaráis iomaíochta, údaráis frithsciúrtha airgid agus comhlachtaí sonracha amhail boird um aistriú go dtí an euro – tar éis dul i gcomhairle le BCE freisin. Sna cásanna sin, ba é tuairim BCE go bhfuil an comhairliúchán bailí más léir go bhfuil na húdaráis sin ag gníomhú thar ceann an údaráis tionscnaimh nó an údaráis glactha.

### 3.1.2 Ról na maoirseoirí náisiúnta

Is féidir le parlaimintí náisiúnta a bheith ina n-údaráis ‘atá ag ullmhú foráil reachtach’ chun críocha Chinneadh 98/415/CE nuair a dhéanann siad díospóireacht ar dhréachtfhorálacha reachtacha laistigh de réimsí inniúlachta BCE agus atá á moladh ag feisire amháin nó níos mó dá gcuid<sup>4</sup>. Ní mór do na parlaimintí náisiúnta cinneadh a dhéanamh de réir a gcuid rialacha nós imeachta féin i dtaobh conas cloí leis an oibleagáid atá orthu dréachtfhorálacha reachtacha, arna moladh ag feisire amháin nó níos mó dá bhfeisirí agus a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE, a thíolacadh chun réamhthuairim a fháil ó BCE, chun a áirithiú go sroichfidh na comhairliúcháin sin BCE tar éis iad a thabhairt ar áireamh i gclár oibre reachtach na parlaiminte náisiúnta agus freisin go dtabharfar a dhóthain ama do BCE a thuairim a ghlacadh. Ós rud é gurb í an pharlaimint náisiúnta, seachas a feisirí aonair, a cháilíonn mar ‘údarás náisiúnta’ de réir bhrí Airteagal 127(4) den Chonradh agus Airteagal 4 de Reach CEBC, agus mar ‘údarás Ballstáit’ de réir bhrí Chinneadh 98/415/CE, ní ghlacann BCE tuairimí mar fhreagairt ar chomhairliúchán a dhéanann feisire amháin nó níos mó de pharlaimint náisiúnta i gcás inar léir nár údaraigh an pharlaimint náisiúnta an comhairliúchán sin i gcomhréir lena rialacha nós imeachta féin.

Tá sé inghlactha freisin go rachadh rialtas náisiúnta i gcomhairle le BCE, ag gníomhú dó ar a thionscnamh féin, maidir le dréachtfhorálacha reachtacha arna moladh ag feisirí de chuid a pharlaiminte náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

## 3.2 Na dréachtfhorálacha reachtacha a chumhdaítear

### **Airteagal 1(1) de Chinneadh 98/415/CE:**

‘1. Chun críocha an Rialacháin seo:

[...]

ciallaíonn ‘dréachtfhorálacha reachtacha’ aon fhorálacha lena leagtar síos, a luaithe a bheidh siad ceangailteach ó thaobh dlí de agus infheidhme go ginearálta ar chríoch Ballstáit, rialacha do líon éiginnte cásanna agus atá dírithe chuig líon éiginnte daoine nádúrtha nó dlítheanacha.’

<sup>4</sup> Tá feidhm aige sin freisin maidir le cásanna ina molann feisirí parlaiminte leasuithe ar dhréachtfhorálacha reachtacha arna moladh ag an rialtas agus a bhféadfadh sé a bheith d’éifeacht acu an dréachtreachtaíocht a thabhairt laistigh de réimsí inniúlachta BCE.

De réir Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE, tá sé d'oireagáid ar údaráis na mBallstát dul i gcomhairle le BCE i dtaobh 'aon dréachtfhorálacha reachtacha' a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE. Sainmhínítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh 98/415/CE an coincheap 'dréachtfhorálacha reachtacha'. Tagraíonn an sainmhíniú sin d'fhorálacha lena leagtar síos, a luaithe a bheidh siad ceangailteach ó thaobh dlí agus infheidhme go ginearálta ar chríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann (nó ar chríoch den Bhallstát sin atá leithleach go geografach), rialacha a bheidh infheidhme maidir le 'líon éiginnte cásanna agus atá dírithe chuig líon éiginnte daoine nádúrtha nó dlítheanacha'. Áirítear leis sin dréachtfhorálacha reachtacha arna n-ullmhú ag an rialtas, a mbíonn de thoradh ar ghlacadh na bhforálacha sin go ndéantar forálacha dlíthiúla éifeachtacha díobh beag beann ar fhad ama na héifeachtachta sin.

Ní áirítear sa sainmhíniú, áfach, dréachtfhorálacha reachtacha arb é is cuspóir eisiach dóibh teoracha an Aontais a thrasú i ndlí na mBallstát, mar a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Chinneadh 98/415/CE. Is é tuairim BCE nach mbeadh feidhm ag an eisiámh sin maidir le cásanna trasúimh ina mbaineann an reachtóir náisiúnta úsáid as lamháil discréide sa trasú agus ina ndéantar difear suntasach do réimsí inniúlachta BCE, go háirithe ról agus cúraimí BCE/an Eurochórais, go háirithe trí chúram nua a thabhairt do BCN nó trí chúram BCN atá ann cheana a leasú go substaintiúil<sup>5</sup>.

Ina theannta sin, soiléirítear in Airteagal 25.1 de Reacht CEBC go bhféadfaidh BCE comhairle a chur ar údaráis inniúla na mBallstát agus go bhféadfaidh na húdaráis inniúla sin dul i gcomhairle leis maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

Tabharfaidh BCE aird chuí ar cibé acu atá nó nach bhfuil na dréachtfhorálacha reachtacha a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leis ina leith ina ndréachtfhorálacha reachtacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh 98/415/CE iad agus ní eiseoidh sé tuairim de ghnáth mura bhfuil sé sin amhlaidh.

### 3.2.1 Forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí

Níl an oireagáid dul i gcomhairle le BCE teoranta do dhréachtfhorálacha reachtacha atá le glacadh ag parlaimint. Le Cinneadh 98/415/CE, cumhdaítear gach cineál forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí, lena n-áirítear dlíthe foraithe agus reachtaíocht thánaisteach.

#### Dlíthe foraithe

Chun críocha an Treoirleabhair seo, is éard is 'dlíthe foraithe' ann forálacha a bhfuil rialtas tar éis iad a ghlacadh agus lánéifeacht a thabhairt dóibh mar ábhar práinne nó mar riachtanas urghnách. Bíonn dlíthe foraithe den sórt sin faoi réir a ndaingnithe agus/nó a leasaithe ina dhiaidh sin ag an bparlaimint, rud a d'fhéadfadh tarlú go

<sup>5</sup> Féach Roinn 4.4 den Treoirleabhar seo.

gairid nó i gceann roinnt mhaith míonna tar éis a nglactha. Dá bhrí sin, is ‘dréachtfhorálacha reachtacha’ iad dréachtdlíthe foraithe nach mór dul i gcomhairle le BCE ina leith sula nglacfaidh an Rialtas iad, gan beann ar an bpráinn nó ar an riachtanas urghnách<sup>6</sup>.

## Reachtaíocht thánaisteach

Ní gá dul i gcomhairle le BCE maidir leis an reachtaíocht thánaisteach go léir, lena n-áirítear gníomhartha dlí ó BCNanna nó ó údaráis mhaoirseachta a bhfuil infheidhmeacht ghinearálta ag gabháil leo, lena gcuirtear chun feidhme reachtaíocht phríomha a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE. I bhfianaise na gcuspóirí a ghabhann le Cinneadh 98/415/CE, níor cheart an tuairim ó BCE maidir le dréachtreachtaíocht thánaisteach a lorg ach amháin má tá dlúthbhaint ag an ábhar le cúraimí BCE agus má tá an tionchar ar réimsí laistigh de réimsí inniúlachta BCE éagsúil leis an tionchar a eascraíonn as an reachtaíocht phríomha féin.

### 3.2.2 Leasuithe ar na dréachtfhorálacha reachtacha

An oibleagáid dul i gcomhairle le BCE maidir le leasuithe ar dhréachtfhorálacha reachtacha a cuireadh faoi bhráid BCE cheana chun tuairim a fháil, tá feidhm aici maidir le leasuithe substainteacha lena ndéantar difear do bhunbhrí na dréachtreachtaíochta. Ní miste idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás fhéideartha éagsúla. Sa chéad chás díobh sin, moltar leasuithe substainteacha ag céim nuair nach bhfuil a thuairim glactha ag BCE go fóill. Sna cásanna sin, bíonn BCE ag dréim leis go gcuirfidh an t-údarás comhairliúcháin an dréachtfhoráil reachtach leasaithe faoina bhráid a luaithe is féidir, ionas gur féidir an tuairim a bhunú ar an téacs is déanaí. Sa dara cás díobh sin, moltar forálacha substainteacha nua tar éis do BCE a thuairim a ghlacadh. Sa dara cás sin, de réir analaí le cásdlí na Cúirte maidir leis an gceanglas dul i gcomhairle an athuair le hinstiúidí an Aontais maidir le dréachtreachtaíocht leasaithe,<sup>7</sup> ba cheart dul i gcomhairle an athuair le BCE i ndáil leis na leasuithe sin i gcásanna eisceachtúla ina ndearnadh athruithe substaintiúla ar an dréachtreachtaíocht de chineál neamhtheicniúil i gcomparáid leis an leagan a ndeachthas i gcomhairle le BCE roimhe sin ina leith. Mar sin féin, ní gá dul i gcomhairle tuilleadh más é is aidhm bhunúsach do na leasuithe an tuairim a chuir BCE in iúl ina thuairim a thabhairt san áireamh. Mar sin féin, is mór ag BCE go gcoinnítear ar an eolas é faoin bhfreagairt ar a thuairimí agus go bhfaigheann sé mionsonraí i dtaobh na leasuithe sin chun críocho faisnéise.

<sup>6</sup> Tugtar faoi deara, i bhfianaise na práinne agus an riachtanais urghnách is gné dhílis de ghlacadh dlíthe foraithe de bhun Airteagal 3(2) de Chinneadh 98/415/CE (féach roinn 6.3 den Treoirleabhar seo), go bhféadfaidh an t-údarás comhairliúcháin teorainn ama a shocrú – nár cheart, faoi ghnáthchúinsí, a bheith níos giorra ná mí amháin – do BCE chun a thuairim a thabhairt. Ní mór don údarás comhairliúcháin, áfach, na cúiseanna atá leis an bpráinn a shonrú.

<sup>7</sup> Féach Cás 41/69 *ACF Chemiefarma v An Coimisiún*, ECLI:EU:C:1970:71, mír 3; Cás 817/79 *Buyl v An Coimisiún*, ECLI:EU:C:1982:36, mír 1; Cás C-392/95 *An Pharlaimint v An Chomhairle*, ECLI:EU:C:1997:289, mír 15; Cás C-408/95 *Eurotunnel agus Eile v SeaFrance*, ECLI:EU:C:1997:532, mír 46; Cás 58/01 *Océ van der Grinten NV v Na Coimisinéirí Ioncaim Intíre*, ECLI:EU:C:2003:495, míreanna 100 agus 102.

### 3.3 Réimsí inniúlachta BCE

Ceanglaítear le hAirteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE nach mór do na húdaráis náisiúnta dul i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtach 'laistigh dá réimse inniúlachta de bhun an Chonartha'. Ar ndóigh, áirítear leis sin dréachtfhorálacha reachtacha lena ndéantar difear do na bunchúraimí atá le déanamh trí CEBC de bhun Airteagal 127(2) den Chonradh (i.e. beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme, oibríochtaí malairte eachtraí a sheoladh, cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainistiú agus oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn) agus na cúraimí faoi Airteagal 128(1) den Chonradh (i.e. nótaí bainc euro a eisiúint). Áirítear leis freisin dréachtfhorálacha reachtacha lena ndéantar difear do chúraimí éagsúla eile a chuirtear ar CEBC de bhun an Chonartha, go háirithe (1) na cúraimí sonracha maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa laistigh de SAM a thugtar do BCE de bhun Airteagal 127(6) den Chonradh; agus (2) bailiú na faisnéise staidrimh is gá ag BCE, le cúnadh ó na BCNanna, chun cúraimí CEBC a ghabháil de láimh agus chun rannchuidiú le comhchuibhiú, i gcás inar gá, na rialacha agus na gcleachtas lena rialaítear bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna réimsí atá laistigh dá réimsí inniúlachta de bhun Airteagal 5 de Reacht CEBC.

Liostaítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE roinnt catagóirí ábhar a mheastar go sainráite a bheith laistigh de réimsí inniúlachta BCE. Ní mór do na húdaráis náisiúnta dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha a bhaineann leis na hábhair sin, fiú mura mbaineann na dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta ach go himeallach le réimsí inniúlachta BCE, gan tionchar suntasach a bheith acu orthu, agus é a bheith de thoradh air sin go gcinnfeadh BCE gan tuairim a ghlacadh<sup>8</sup>.

#### **Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE:**

'1. Rachaidh údaráis na mBallstát i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhoráil reachtach laistigh dá réimse inniúlachta de bhun an Chonartha agus go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- ábhair a bhaineann le hairgeadra,
- modhanna íocaíochta,
- bainc cheannais náisiúnta,
- bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh maidir le hairgeadaíocht, le hairgeadas, le baincéireacht, le córais íocaíochta agus le comhardú íocaíochtaí,
- córais íocaíochta agus socraíochta,
- na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí airgeadais a mhéad atá tionchar ábhartha acu ar chobhsaíocht na n-institiúidí airgeadais agus na margatí airgeadais.'

<sup>8</sup> Féach Roinn 5 den Treoirleabhar seo.

## Forléargas neamh-uileghabhálach ar réimsí inniúlachta BCE

Is léir ar fhoclaíocht Airteagal 2(1) agus aithris 3 de Chinneadh 98/415/CE nach liosta uileghabhálach é an liosta in Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE.

Ina theannta sin, agus mar a phléitear ar bhealach níos mionsonraithe sa chéad mhír eile, luaitear in Airteagal 2(2) de Chinneadh 98/415/CE nach mór d'údaráis na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro dul i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhorálacha reachtacha a bhaineann le hionstraimí an bheartais airgeadaíochta.


### Airteagal 2(2) de Chinneadh 98/415/CE:

'2. Ina theannta sin, rachaidh údaráis na mBallstát, seachas na Ballstáit rannpháirteacha, i gcomhairle le BCE maidir le haon dréachtfhorálacha reachtacha ar ionstraimí an bheartais airgeadaíochta.'

Is é an fáth a ndéantar idirdhealú i gCinneadh 98/415/CE idir Ballstáit atá sa limistéar euro agus Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro ar an mbealach sin nach gcinneann údaráis náisiúnta i mBallstáit an limistéir euro, a thuilleadh, ionstraimí an bheartais airgeadaíochta (mar shampla, an córas cúlchistí íosta). Soiléirítear in aithris 5 de Chinneadh 98/415/CE, áfach, nach n-áirítear san oibleagáid dul i gcomhairle le BCE cinní a dhéanann údaráis na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro i gcomhthéacs chur chun feidhme a mbeartais airgeadaíochta (mar shampla, cinní lena socraítear rátaí úis).

### Fíor 1

#### Forléargas neamh-uileghabhálach ar réimsí inniúlachta BCE



Foinse: BCE.

### 3.3.1 Ábhair a bhaineann le hairgeadra agus modhanna íocaíochta

Sna tuairimí ó BCE i dtaobh ábhair a bhaineann le hairgeadra agus i dtaobh modhanna íocaíochta cumhdaítear dréachtfhorálacha reachtacha maidir le topaicí



éagsúla. Áirítear orthu sin, mar shampla, bearta a bhaineann le tabhairt isteach an euro (athainmniú an airgeadra náisiúnta, athainmniú fiachais phoiblí agus phríobháidigh, déphraghsáil, rialacha maidir le slánú, lena n-áirítear rialacha maidir le slánú íocaíochtaí in airgead tirim (mar shampla, le haghaidh íocaíochtaí i méideanna 1 cent agus 2 cent), athsholáthar rátaí tagartha náisiúnta, etc.); dlíthairiscint; teorainneacha ar íocaíochtaí in airgead tirim, atá os cionn tairseacha áirithe go ginearálta, nó ar bhonn níos sainiúla (mar shampla, i leith ranniocaíochtaí árachais shóisialta poiblí, idirbhearta réadmhaoine); íosleibhéil seirbhísí airgid thirim ag institiúidí creidmheasa agus infhaighteacht airgid thirim sa tsochaí i gcoitinne a áirithiú; dídhreasachtaí cánach maidir le húsáid airgid thirim; boinn airgid chomórtha; cóipcheart i ndáil le nótaí bainc agus le boinn airgid; góchumadh a chosc; ainmníochtaí; sonraíochtaí teicniúla; athchúrsáil; seiceáil barántúlachta agus oiriúnachta nótaí bainc agus bonn airgid; modhanna íocaíochta digiteacha a chur chun cinn; agus eisiúint ríomh-airgid.

### 3.3.2 Banc cheannais náisiúnta

Glactar líon mór tuairimí ó BCE i ndáil le dréachtfhorálacha reachtacha a bhaineann leis na BCNanna. Baineann na tuairimí sin le forálacha reachtacha lena ndéantar dífeall do stádas na BCNanna nó a gcomhaltaí boird, go háirithe maidir leis na gnéithe éagsúla de neamhspleáchas na mbanc ceannais. Roinnt de na tuairimí a glacadh, baineann siad le scéimeanna pinsin agus srianta pinsin na BCNanna, le tuarastail bhaill foirne na BCNanna agus chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta na BCNanna, agus leis na critéir cheapacháin do Ghobharnóirí agus do chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta na BCNanna. Baineann roinnt tuairimí a glacadh freisin le cúraimí agus beartais airgeadaíochta na BCNanna, lena n-áirítear comhlíonadh an toirmisc ar mhaoiniú airgeadaíochta faoi Airteagal 123 den Chonradh, cúlchistí eachtracha na BCNanna, comhthaobhú oibríochtaí creidmheasa na BCNanna agus ceanglais cúlchiste íosta BCNanna na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro. I dtuairimí eile déileáladh, mar shampla, le hathruithe institiúideacha ar BCNanna agus ar a reachtanna, eadhon cuntasaíocht, íocaíochtaí díbhinne, athchaipitliú, tuairiscíú agus iniúchadh, rannpháirtíocht in institiúidí airgeadaíochta idirnáisiúnta, rochtain phribhléideach, rúndacht ghairmiúil agus gnéithe eile de rialáil ghníomhaíochtaí na BCNanna a chumhdaítear i reachtanna na BCNanna (mar shampla, cúnamh leachtachta éigeandála a sholáthar). Iarradh go minic ar BCE freisin tuairimí a eisiúint maidir le dréachtfhorálacha reachtacha lena gcumhdaítear cúraimí BCN lasmuigh de chúraimí a bhaineann le CEBC, go háirithe d'fhonn a mheas an bhfuil na cúraimí sin comhoiriúnach leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta agus/nó le cuspóirí agus cúraimí CEBC<sup>9</sup>.

<sup>9</sup> Faoi Airteagal 14.4 de Reacht CEBC, ceadaítear do BCNanna feidhmeanna a chomhlíonadh lasmuigh de na feidhmeanna sin atá sonraithe i Reacht CEBC, mura gcinneann an Chomhairle Rialaithe go gcuireann siad sin isteach ar chuspóirí agus cúraimí CEBC.

### 3.3.3 Bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh maidir le hairgeadaíocht, le hairgeadas, le baincéireacht, le córais íocaíochta agus le comhardú íocaíochtaí

Tá cumhachtaí BCE maidir le faisnéis staidrimh a bhailiú leagtha amach in Airteagal 5 de Reacht CEBC. Le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle<sup>10</sup>, ceanglaítear ar na Ballstáit 'iad féin a eagrú i réimse an staidrimh agus [...] comhoibriú go hiomlán le CEBC chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 5 den Reacht'. Is eol do BCE nach ionann na forálacha tuairiscithe ó Bhallstát go Ballstát. Dá thoradh sin, nuair a théitear i gcomhairle le BCE maidir le dréachtforálacha náisiúnta um thuairisciú, is gnách leis barúlacha a thabhairt atá de chineál ginearálta agus a bhfuil d'aidhm leo aird a tharraingt ar ghnéithe a d'fhéadfaí a chur in iúl ar shlí níos sainráite sa dréachtforáil reachtach. Bhain comhairliúcháin ábhartha, mar shampla, le staidreamh maidir le comhardú íocaíochtaí, le tarchur sonraí staidrimh idir BCE agus CEBC agus BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro, le ceanglais tuairiscithe staidrimh náisiúnta maidir le hionstraimí éagsúla airgeadais agus maidir le stoic éagsúla infheistíochta, le scóip na sonraí atá sa chlár creidmheasa, le tuairisciú sonraí áirithe chun críocha cobhsaíochta airgeadais, le rochtain ar chlár chreidmheasa lárnacha, le Rialachán AnaCredit<sup>11</sup>, agus le ról BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro i dtaca le bailiú sonraí staidrimh.

### 3.3.4 Córais íocaíochta agus socraíochta

Comhairliúcháin roimhe seo maidir le córais íocaíochta agus socraíochta, bhain siad le dréachtforálacha reachtacha a bhaineann le roinnt gnéithe d'fheidhmiú na gcóras íocaíochta agus socraíochta, amhail a bhformhaoirseacht, contrapháirtithe lárnacha, críochnaitheacht socraíochta, an bonn glansocraíochta nó ollsocraíochta fíor-ama, gnéithe glanluachála agus comhthaobhachta, dí-ábharú agus/nó digitíú urrús, agus tionchar na gceanglas cibearshlándála ar na bonneagair mhargaidh.

### 3.3.5 Na rialacha is infheidhme maidir le hinstiúidí airgeadais a mhéad atá tionchar ábhartha acu ar chobhsaíocht na n-instiúidí airgeadais agus na margaí airgeadais

In Airteagal 2(1), an séú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE tagraítear do 'rialacha is infheidhme maidir le hinstiúidí airgeadais a mhéad atá tionchar ábhartha acu ar chobhsaíocht na n-instiúidí airgeadais agus na margaí airgeadais'. De bhua Airteagal 2(1), an séú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE, 'rachaidh 'na Ballstáit i gcomhairle le BCE nuair a bheidh 'tionchar ábhartha' ag na forálacha reachtacha atá beartaithe ar an gcobhsaíocht airgeadais, mura rud é, mar a shonraítear in Airteagal

<sup>10</sup> Rialachán (CE) Uimh. 2533/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le bailiú faisnéise staidrimh ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, Ich. 8).

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2016/867 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Bealtaine 2016 maidir le bailiú sonraí gráinneacha creidmheasa agus riosca creidmheasa (BCE/2016/13) (IO L 144, 1.6.2016, Ich. 44).

1(2) de Chinneadh 98/415/CE, gurb é trasuí threoracha an Aontais an t-aon chuspóir amháin atá leis na forálacha.<sup>12</sup> Ina theannta sin, ba cheart Airteagal 2(1), an séú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE a mheas in éineacht le hAirteagal 25.1 de Reacht CEBC, lena bhforáiltear ‘go bhféadfaidh’ údaráis inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le BCE maidir le ‘cur chun feidhme reachtaíocht Aontais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais’.

Glacann BCE líon mór tuairimí de bhun Airteagal 2(1), an séú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE. Tá BCE tar éis roinnt tuairimí a ghlacadh mar fhreagairt ar chomhairliúcháin i dtaobh leasuithe atá beartaithe ar struchtúr institiúideach na maoirseachta sna Ballstáit. Chuathas i gcomhairle leis go rialta freisin maidir le leasuithe móra ar an gcóras maoirseachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais, agus maidir le rialacha chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus maidir le réiteach, atheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa agus airgeadais. Chuathas i gcomhairle le BCE go minic maidir le dréachtreachtaíocht a bhféadfadh tionchar tábhachtach a bheith aici ar na margaí, mar shampla reachtaíocht a bhaineann le socruithe comhthaobhachta airgeadais, le córais um urrúsú agus um bannaí faoi chumhdach, agus le dí-ábharú urrús.

Tá BCE tar éis roinnt tuairimí a ghlacadh freisin i gcomhthéacs ghéarchéim na margaí airgeadais, ina raibh forálacha reachtacha náisiúnta á ndírú ar scéimeanna ráthaithe taiscí a fheabhsú nó ar chobhsaíocht an mhargaidh airgeadais a áirithiú nó a neartú.

Ar deireadh, chuathas i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha éagsúla a raibh an seans ann go ndéanfaí difear leo do shaorghluaiseacht caipitil, maidir leis an mbeartas ráta malairte (mar shampla, cáin a ghearradh ar idirbhearta airgeadais), maidir le tobhaigh nó cánacha speisialta a fhorchuirtear ar institiúidí creidmheasa agus/nó airgeadais, maidir le reachtaíocht lena ndéantar athstruchtúráil ar théarmaí agus coinníollacha morgáistí agus iasachtaí príobháideacha eile, agus maidir le dréachtfhorálacha reachtacha eile a bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó airgeadais ag baint leo.

### 3.3.6 **Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa**

Maidir leis an mbunús dlí chun dul i gcomhairle le BCE i dtaobh dréachtfhorálacha náisiúnta a bhaineann le SAM, níor cheart a mheas go bhfuil de thoradh ar fhoclaíocht Airteagal 2(1), an séú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE agus, go háirithe, an tagairt do rialacha ‘a bhfuil tionchar ábhartha acu’ ar chobhsaíocht na n-institiúidí airgeadais agus na margaí airgeadais, go bhfuil srian á chur ar an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE. Mar a luadh thuas, is léir ar fhoclaíocht aithris 3 agus Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE nach liosta uileghabhálach é liosta na réimsí a áirítear san fhoráil dheireanach sin. Le bunú SAM, áirítear cúraimí maoirseachta stuamachta

<sup>12</sup> Maidir leis an bhforáil deiridh sin, féach Roinn 4.4 den Treoirleabhar seo.

anois freisin ar réimsí inniúlachta BCE chun críocha na feidhme comhairlí atá aige de bhun Airteagal 127(4) den Chonradh.

Le comhairliúcháin na n-údarás náisiúnta maidir le dréachtreachtaíocht a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, cumhdaítear cumhachtaí agus cúraimí ÚINanna; struchtúr institiúideach agus rialachas na ÚINanna, lena n-áirítear maidir lena rannpháirtíocht in SAM; malartú faisnéise; gnéithe nós imeachta na maoirseachta ar institiúidí creidmheasa, amhail measúnú 'cuí cóir' ar chomhaltáí boird na n-institiúidí creidmheasa; táillí maoirseachta; measúnú ar institiúidí creidmheasa suntasacha; agus dlúthchomhar le Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu.

## 3.4 Reachtaíocht cur chun feidhme

### **Airteagal 1(2) de Chinneadh 98/415/CE:**

'2. Ní bheidh ar áireamh sna dréachtfhorálacha reachtacha dréachtfhorálacha arb é is cuspóir eisiach dóibh teoracha Comhphobail a thrasú i ndlí na mBallstát.'

Mar a shonraítear thuas, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh 98/415/CE, ní gá do na Ballstáit dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta arb é is cuspóir eisiach dóibh teoracha an Aontais a thrasú sa dlí náisiúnta. Is é an réasúnaíocht atá leis an díolúine sin gur cheart a bheith dulta i gcomhairle le BCE cheana féin maidir leis an ngníomh dlí beartaithe de chuid an Aontais de bhun Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh agus nach gá, dá bhrí sin, feidhm chomhairleach BCE a leathnú chuig dréachtfhorálacha reachtacha nach ndéantar leo ach an gníomh dlí sin de chuid an Aontais a thrasú. Thairis sin, níl sé de fhreagracht ar an gCoimisiún ná ar BCE measúnú a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí le teoracha an Aontais atá na bearta náisiúnta um thrasú.

Is é tuairim BCE go bhfuil feidhm ag an díolúine chéanna maidir le dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta arb é is aidhm dóibh rialacháin an Aontais a chur chun feidhme, a gcur i bhfeidhm a éascú, nó roghanna dá bhforáiltear iontu a chur chun feidhme, ar an gcoinníoll nach bhfuil tionchar ag na dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta sin ar ábhair laistigh de réimsí inniúlachta BCE atá éagsúil le tionchar an rialacháin féin (ar cheart d'institiúidí an Aontais a bheith dulta i gcomhairle le BCE ina leith).

Mar sin féin, ní féidir an ceanglas dul i gcomhairle le BCE a eisiáil per se más rud é gur teoracha a thrasú (nó rialacháin a chur chun feidhme nó a chur i bhfeidhm) is aidhm do na dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta agus i gcás ina n-úsáideann an reachtóir náisiúnta lamháil discrétide sa trasú (nó sa chur chun feidhme) de bhreis ar an méid atá leagtha amach go soiléir sa treoir nó sa rialachán. I gcás ina mbaineann an lamháil discrétide sin go mór le réimsí inniúlachta BCE, go háirithe ról agus cúraimí BCE/an Eurochórais/CEBC, go mór mór trí chúram nua a thabhairt do BCN nó trí chúram BCN atá ann cheana a leasú go substaintiúil, bíonn tús áite ag an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE (ós rud é go dtagraítear in Airteagal 2(1), an tríú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE do BCNanna). Tá neamhspleáchas BCE agus/nó

na BCNanna agus comhlíonadh an toirmisc ar mhaoiniú airgeadaíochta i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha fós ina gcuid láidir d'aon mheasúnú, lena n-áirítear measúnú ar chúraimí nua BCN (nó leasuithe substaintiúla ar chúraimí BCN atá ann cheana) a dhíorthaítear ó threoracha nó ó rialacháin. Sna cásanna sin, ba cheart dul i gcomhairle le BCE agus féadfaidh BCE tuairim a ghlacadh. Ina theannta sin, tá Ballstáit tar éis dul i gcomhairle le BCE i dtaobh thrasúí na Treorach maidir le Ceanglais Chaipitil<sup>13</sup>, agus ó am go chéile ghlac BCE tuairimí sa réimse sin bunaithe ar a inniúlachtaí maoirseachta stuamachta (mar shampla, maidir le dréachtfhorálacha reachtacha a bhaineann le measúnuithe ar éadail sealúchas cáilitheach in institiúidí creidmheasa agus measúnuithe 'cuí cóir' i ndáil le daoine arna ceapadh in institiúidí creidmheasa). Tá Ballstáit tar éis dul i gcomhairle le BCE freisin maidir le trasúí na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc<sup>14</sup>, agus tá BCE tar éis tuairimí a ghlacadh, go háirithe, maidir le reachtaíocht inar deonaíodh ról réitigh do BCN, mar shampla tríd an BCN a cheapadh ina údarás réitigh nó trí fhoráil a dhéanamh do línte creidmheasa ón BCN don scéim ráthaithe taiscí.

Mhol BCE do na húdaráis náisiúnta, líon teoranta uaireanta, dul i gcomhairle leis maidir le dréachtfhorálacha reachtacha lena dtrasuitear treoracha de chuid an Aontais a bhfuil leas ar leith ag CEBC iontu. Mar shampla, tharla sé sin i gcás na Treorach maidir le Críochnaitheacht Socraíochta<sup>15</sup> agus na Treorach maidir le Comhthaobhacht<sup>16</sup> agus i gcás na leasuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin<sup>17</sup>. Na tuairimí ó BCE a d'eascair as an líon mór comhairliúchán i dtaobh dréachtfhorálacha arb é is aidhm dóibh an dá threoir a thrasúí sa dlí náisiúnta, ba rannchuidiú úsáideach iad chun an creat dlíthiúil le haghaidh oibríochtaí an Eurochórais a threisiú, agus chun cobhsaíocht an chórais airgeadais a threisiú.

Tá BCE tar éis tuairim féintionscnaimh a eisiúint freisin maidir le Comhaontú Seirbhísí Íocaíochta Poist a dhaingniú nó a chur chun feidhme, agus mhol sé do na húdaráis náisiúnta dul i gcomhairle le BCE má théitear níos faide ná daingniú an Chomhaontaithe amháin i ndréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta sonracha.

Téann na Ballstáit i gcomhairle le BCE ar a dtionscnamh féin uaireanta i ndáil le dréachtfhorálacha chun treoracha a thrasúí cé nach bhfuil oibleagáid orthu ná nach

<sup>13</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóilachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.2.2013, lch. 338).

<sup>14</sup> Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnóilachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

<sup>15</sup> Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

<sup>16</sup> Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socrúithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

<sup>17</sup> Go háirithe le Treoir 2009/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 98/26/CE maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus Treoir 2002/47/CE maidir le socrúithe comhthaobhachta airgeadais i dtaca le córais nasctha agus éilimh chreidmheasa (IO L 146, 10.6.2009, lch. 37). Glacadh tuilleadh leasuithe (níos lú) sna blianta dár gcionn.

spreagtar iad chun é sin a dhéanamh, mar shampla i réimsí ina measann siad go bhfuil saineolas sonrath ag BCE. I gcásanna den sórt sin bíonn BCE réidh de ghnáth lena chion féin a dhéanamh i leith aon chomhairliúchán náisiúnta deonach foirmiúil nó neamhfoirmiúil agus chun treoraíocht a thabhairt maidir leis na dréachtbhearta trasúimh a ullmhaíodh – fiú mura bhfuil aon oibleagáid foirmiúil ann dul i gcomhairle le BCE – ach ní dhéanann sé amhlaidh ach a mhéad is gá, de bharr na ndruchtforálacha, barúlacha sonracha a thabhairt i ndáil le réimsí inniúlachta BCE.

Bunaíodh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) i mí na Nollag 2010 mar chomhlacht nua a bhfuil sainordú tugtha dó maoirseacht a dhéanamh ar riosca sa chóras airgeadais ina iomláine. Is féidir leis, inter alia, moltaí a eisiúint ina réimsí inniúlachta agus, de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup>, déanann sé faireachán ar an obair leantach ar a mholtaí. I bhfianaise ról BERS sna hábhair sin, ní gá dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtforálacha reachtacha lena gcuirtear moltaí ó BERS chun feidhme, gan dochar d'oibleagáid ghinearálta na mBallstát dul i gcomhairle le BCE faoi Chinneadh 98/415/CE mar a mhínítear sa Treoirleabhar seo.

---

<sup>18</sup> Rialachán (AE) Uimh.1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331 15.12.2010, lch. 1).

## 4 Cásanna ina ndiúltaíonn BCE tuairimí a ghlacadh mar fhreagairt ar iarrataí ar chomhairliúchán

### 4.1 Litreacha um neamhghlacadh

Níl sé d'oibleagáid ar BCE tuairim a ghlacadh agus, dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé amhlaidh go huathoibríoch mar fhreagairt ar gach comhairliúchán. Tá sé sin gan dochar, áfach, don oibleagáid atá ar na Ballstáit dul i gcomhairle le BCE i gcás nach mbaineann na dréachtfhorálacha reachtacha atá i gceist ach go himeallach le réimsí inniúlachta BCE.

Ní ghlacfaidh BCE tuairim nuair nach mbaineann na dréachtfhorálacha reachtacha ach go himeallach le réimsí inniúlachta BCE, gan tionchar suntasach a imirt orthu. Mura bhfuil i gceist ach tagairtí sa dréachtreachtaíocht náisiúnta do cheann ar bith de na topaicí a liostaítear i gCinneadh 98/415/CE nó athruithe foirmiúla nó riaracháin amháin ar an gcreat dlíthiúil ábhartha, ní gá go mbeadh tuairim ó BCE ag teastáil.

Ní ghlacfaidh BCE tuairim nuair atá trasúí reachtaíocht an Aontais i gceist leis na dréachtfhorálacha reachtacha, mura rud é sa trasúí sin go n-úsáideann an reachtóir náisiúnta lamháil discréide agus go ndéantar difear suntasach do réimsí inniúlachta BCE, go háirithe ról agus cúraimí BCE/an Eurochórais/CEBC, go háirithe trí ról nua a thabhairt do BCN nó trí chúram BCN atá ann cheana a leasú go substaintiúil.

Tá BCE tar éis scrúdú a dhéanamh an athuair ar a riachtanaí atá sé tuairim a ghlacadh más rud é, leis na dréachtfhorálacha reachtacha, go dtugtar cúram nua do BCN nó go leasaítear go substaintiúil cúram BCN atá ann cheana, agus na prionsabail atá leagtha síos i mbreithiúnas *Banka Slovenije* á gcur san áireamh.<sup>19</sup> I bhfianaise bhreithiúnas *Banka Slovenije*, ní ghlacann BCE tuairim go huathoibríoch maidir le reachtaíocht náisiúnta toisc go dtugtar, leis an reachtaíocht sin, cúram nua do BCN nó go ndéantar leasú substaintiúil ar chúram BCN atá ann cheana, mura rud é, de bharr an chúraim nua, go gcuirtear isteach ar neamhspleáchas an BCN nó go sáraítear an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta, nó go bhfuil tábhacht neamhimeallach leis ar shlí eile ó thaobh réimsí inniúlachta BCE de.

I gcás ina ndeachthas i gcomhairle go foirmiúil le BCE maidir le dréachtfhoráil reachtach agus ina gcinneann sé gan tuairim a ghlacadh, tabharfaidh sé freagra foirmiúil trí bhíthin litir um neamhghlacadh a sheolfar chuig an údarás comhairliúcháin. Sonraítear sa litir um neamhghlacadh na cúiseanna nach bhfuil tuairim á glacadh ag BCE sa chomhairliúchán sonrath sin agus féadfar tuairimí ábhartha a glacadh roimhe sin a chur ar a súile don údarás comhairliúcháin sa litir<sup>20</sup>. Tá na litreacha sin go léir le fáil ar EUR-Lex.

<sup>19</sup> Cás C-45/21, *Banka Slovenije*, ECLI:EU:C:2022:670.

<sup>20</sup> Féach, mar shampla, LET/2024/01251 agus LET/2024/05161.

## 4.2 An fhéidearthacht iarraidh neamhfhoirmiúil a dhéanamh

Féadfaidh teagmháil neamhfhoirmiúil a bheith ann idir na húdaráis náisiúnta agus an BCN ábhartha ar thaobh amháin agus foireann BCE ar an taobh eile sula gcuirfear na comhairliúcháin fhoirmiúla faoi bhráid BCE, más mian leis an údarás comhairliúcháin treoraíocht neamhfhoirmiúil a fháil ó BCE maidir leis an ngá dul i gcomhairle le BCE i gcás ar leith. Is féidir teagmháil le BCE maidir le hiarrataí neamhfhoirmiúla den sórt sin ar threoraíocht a shocrú trí bhíthin an BCN ábhartha nó trí iarrataí a chur faoi bhráid: [LegalActs.Team@ecb.europa.eu](mailto:LegalActs.Team@ecb.europa.eu).

D'fhéadfadh iarrataí neamhfhoirmiúla den sórt sin a bheith cabhrach ó thaobh comhairliúcháin a sheachaint i gcásanna nach léir go hiomlán don údarás comhairliúcháin an gá tuairim BCE a ghlacadh. Maidir le hiarraidh neamhfhoirmiúil, níor mhór na dréachtbhearta reachtacha nó cur síos sách mionsonraithe ar na bearta atá beartaithe a bheith ag gabháil léi.



## 5 An nós imeachta comhairliúcháin

### Airteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE:


‘Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Cinneadh seo go héifeachtach. Chuige sin, áiritheoidh sé go rachfar i gcomhairle le BCE ag céim iomchuí ionas go gcuirfear ar chumas an údaráis atá ag tionscnamh na dréachtfhorála reachtaí an tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh sula ndéanfaidh sé a chinneadh maidir leis an tsubstaint agus go gcuirfear an tuairim a gheofar ó BCE in iúl don údarás glactha más rud é nach ionann an t-údarás glactha sin agus an t-údarás a d’ullmhaigh na forálacha reachtacha lena mbaineann.’

### 5.1 An t-am iomchuí chun dul i gcomhairle le BCE

De réir Airteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE, ní mór dul i gcomhairle le BCE ‘ag céim iomchuí’ sa phróiseas reachtach. Tugann sé sin le tuiscint gur cheart a áirithiú leis na nósanna imeachta náisiúnta go ndéantar an comhairliúchán ag pointe sa phróiseas reachtach a fhágann go bhfuil a dhóthain ama ag BCE na dréachtfhorálacha reachtacha a scrúdú (agus, i gcás inar gá, iad a aistriú) agus a thuairim a ghlacadh i ngach leagan teanga is gá. Cuireann sé sin ar chumas na n-údarás náisiúnta ábhartha freisin an tuairim ó BCE a chur san áireamh sula nglactar na forálacha.

#### Fíor 2

#### An próiseas comhairliúcháin le haghaidh dréachtfhorálacha reachtacha



Foinse: BCE.

I gcás inarb údarás seachas an t-údarás glactha a ullmhaíonn na dréachtfhorálacha reachtacha, ceanglaítear le hAirteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE go ndéanfar an

comhairliúchán maidir leis na forálacha sin ag am lena gcuirtear ar chumas an údaráis atá ag tionscnamh na ndréachtfhorálacha reachtacha a mheas ar cheart na dréachtfhorálacha reachtacha a leasú chun an tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh, i.e. sula seoltar na forálacha chuig an údarás glactha. San am céanna, ní choisctear le hAirteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE ar údaráis náisiúnta bearta a dhéanamh i gcomhréir lena nósanna imeachta reachtacha mura ndéantar, leis na bearta sin, difear do shubstaint na ndréachtfhorálacha reachtacha.

De bhun fhoclaíocht Airteagal 3(4) de Chinneadh 98/415/CE tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an próiseas um ghlacadh na dréachtfhorála reachtaí a chur ar fionraí go dtí go bhfaightear an tuairim ó BCE. Ní chiallaíonn sé sin gur cheart an próiseas reachtach náisiúnta iomlán (mar shampla, obair ullmhúcháin na mbuanchoistí parlaiminteacha, plé ar thuairimí eile arna dtíolacadh ag údaráis náisiúnta etc.) a chur ar fionraí go dtí go seoltar an tuairim ó BCE. Ina ionad sin, ciallaíonn sé nach mór an deis a bheith ag an údarás glactha an tuairim ó BCE a bhreithniú go fóinteach sula ndéanann sé a chinneadh maidir leis an tsubstaint. Má socraíodh teorainn ama chun an tuairim ó BCE a thíolacadh<sup>21</sup> agus má tá an teorainn ama sin tar éis dul in éag, féadfaidh an t-údarás náisiúnta lena mbaineann leanúint den phróiseas um ghlacadh. Mar sin féin, fiú i gcás den sórt sin, agus fad nach bhfuil an reachtaíocht glactha go fóill, tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta fós an tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2011, sheol Uachtarán BCE litir chuig gach údarás náisiúnta comhairliúcháin ag meabhrú dóibh 'gur cheart dóibh na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíonadh éifeachtach Chinneadh 98/415/CE a áirithiú, de bhun Airteagal 4 de, trí dhul i gcomhairle go cuí le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha atá laistigh de réimsí inniúlachta BCE<sup>22</sup> ag céim iomchuí den phróiseas reachtach'. Mhol Uachtarán BCE freisin 'nósanna imeachta inmheánacha iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go dtéitear i gcomhairle le BCE ag céim iomchuí, ionas go gcuirtear ar chumas an údaráis comhairliúcháin agus/nó glactha an Tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh sula nglactar an foráil reachtach atá i gceist. Is gá dul i gcomhairle an athuair le BCE má dhéantar na dréachtfhorálacha a leasú go substaintiúil le linn an nós imeachta reachtaigh.'

## 5.2 An iarraidh ar thuairim

### 5.2.1 Foirm na hiarrata agus na doiciméid a ghabhann léi

Ní mór iarraidh fhoirmiúil ar thuairim a sheoladh i scríbhinn chuig Uachtarán BCE<sup>23</sup>, mar a léirítear in Airteagal 3(1) de Chinneadh 98/415/CE. Nuair a fhaigheann

<sup>21</sup> Féach Roinn 5.3 den Treoirleabhar seo.

<sup>22</sup> Áirítear leis sin freisin forálacha nach bhfuil faoi réir fhorpheas na Parlaiminte. Ní eisiatar ón oibleagáid dul i gcomhairle le BCE ach na dréachtfhorálacha reachtacha siúd arb é is cuspóir eisiach dóibh dlí an Aontais a thrasú.

<sup>23</sup> Tá BCE réidh freisin chun glacadh le hiarrataí ar thuairim, arna síniú go cuí agus arna seoladh mar cheangaltán scanta, tríd an ríomhphost chuig [office.president@ecb.europa.eu](mailto:office.president@ecb.europa.eu).

Uachtarán BCE an iarraidh ar thuairim, cuirtear tús leis an nós imeachta chun tuairim ó BCE a ghlacadh. Cuireann BCE fáilte roimh aon chumarsáid neamhfoirmiúil ar leibhéal na foirne idir na húdaráis náisiúnta chomhairliúcháin agus Seirbhísí Dlí BCE. Mar sin féin, ní chuirtear tús leis an nós imeachta comhairliúcháin foirmiúil go dtí go bhfaigheann Uachtarán BCE an iarraidh fhoirmiúil ar thuairim.

Ba cheart leagan de na dréachtforálacha reachtacha a bheith ar áireamh san iarraidh, ar leagan é atá seasmhach go leor chun gur féidir le BCE tuairim a thabhairt ina leith. Má bhíonn líon mór forálacha maidir le hábhair éagsúla ar áireamh sa dréachtreachtaíocht, molann BCE gur cheart don údarás comhairliúcháin sonrú a dhéanamh ar na forálacha siúd a bhfuil barúlacha ó BCE á lorg go háirithe ina leith. Bíonn sé sin ábhartha go háirithe nuair is é is príomhaidhm do na dréachtforálacha reachtacha reachtaíocht an Aontais a thrasú nó éifeacht a thabhairt di, ach nuair a bhíonn ar áireamh iontu freisin forálacha breise lena ngabhann nithe atá de bheis ar thrasú amháin agus atá laistigh de réimsí inniúlachta BCE.

Molann BCE gur cheart don údarás comhairliúcháin meabhrán míniúcháin achomair a chur i gceangal leis an iarraidh agus cur síos sa mheabhrán sin ar an ábhar agus ar na príomhchuspóirí a ghabhann leis na dréachtforálacha reachtacha, ar an gcéim atá sroichte sa phróiseas reachtach náisiúnta agus ar ainm agus mionsonraí na dteagmhálaithe atá ar fáil chun soiléiriú a thabhairt i dtaobh aon cheisteanna ar na dréachtforálacha reachtacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn do BCE a thuairim a dhréachtú. Molann BCE gur cheart don údarás comhairliúcháin sonrú a dhéanamh do BCE ar theorainn ama faoina mbeadh ar BCE a thuairim a eisiúint<sup>24</sup>.

### Ceanglais doiciméadachta le haghaidh comhairliúcháin náisiúnta:

| Éigeantach   | Molta  |
|--|--|
| <p>Iarraidh i scríbhinn ar thuairim chuig Uachtarán BCE</p> <p>Cóp de na dréachtforálacha reachtacha</p> | <p>Sonrú ar <b>theorainn ama</b> faoina bhfuil ar BCE a thuairim a thabhairt.</p> <p><b>Meabhrán míniúcháin</b> achomair ina sonraítear na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• ábhar agus príomhchuspóirí na ndréachtforálacha reachtacha;</li> <li>• an chéim atá sroichte sa phróiseas reachtach náisiúnta.</li> <li>• Má tá an dréachtreachtaíocht náisiúnta fada/casta, sonrú ar na <b>dréachtforálacha</b> a bhfuil barúlacha ó BCE á lorg go háirithe ina leith.</li> <li>• Má dhéantar iarraidh mar ábhar fíorphráinne, ba mhór an cúnamh <b>aistriúchán Béarla</b> ar an meabhrán míniúcháin agus ar na príomh-dhréachtforálacha atá á gcur faoi bhráid BCE le haghaidh comhairliúcháin.</li> </ul> |

## 5.2.2 Teanga na hiarrata

Féadfar an iarraidh ar thuairim agus na doiciméid a ghabhann léi a chur faoi bhráid BCE i dteanga oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann (nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit má tá breis agus teanga oifigiúil amháin ann). Go háirithe nuair a dhéantar iarraidh mar ábhar fíorphráinne<sup>25</sup>, is mór ag BCE aistriúchán Béarla a fháil ar an meabhrán míniúcháin agus ar na príomhforálacha reachtacha atá á gcur faoina bhráid le haghaidh comhairliúcháin, ar mhaithe le nós

<sup>24</sup> Féach Roinn 5.3 den Treoirleabhar seo.

<sup>25</sup> Féach Roinn 5.3 den Treoirleabhar seo.

imeachta comhairliúcháin rianúil. Cuirtear san áireamh leis sin gurb é an Béarla teanga oibre BCE, agus gurb é an teanga é freisin ina nglacann an Chomhairle Rialaithe na tuairimí ó BCE mar aon le hionchur ón gComhairle Ghinearálta. Cuireann sé ar chumas BCE freisin tús a chur láithreach leis an obair ar thuairimí tar éis dó an iarraidh ar thuairim a fháil, gan feitheamh ar aistriúcháin. Mar sin féin, níor cheart moill a chur ar an iarraidh ar thuairim ó BCE mar gheall ar aistriúchán den sórt sin a bheith in easnamh.

## 5.3 Teorainneacha ama

### Airteagal 3 de Chinneadh 98/415/CE:

1. 'Féadfaidh údaráis na mBallstát atá ag ullmhú foráil reachtach, má mheasann siad gur gá sin, teorainn ama a shocrú do BCE chun a thuairim a thíolacadh, ar teorainn ama í nach lú ná aon mhí amháin ón dáta a bhfaighidh Uachtarán BCE fógra chuige sin.
2. I gcás fíorphráinne, féadfar an teorainn ama a laghdú. Sa chás sin, sonróidh an t-údarás comhairliúcháin na cúiseanna atá leis an bpráinn.
3. Féadfaidh BCE síneadh leis an teorainn ama go ceann ceithre seachtaine breise ar a mhéad a iarraidh in am trátha. Ní dhiúltóidh an t-údarás comhairliúcháin go míréasúnta don iarraidh sin.
4. Más rud é, ach a mbeidh an tréimhse sin caite, nach mbeidh tuairim faighte aige, ní chuirfidh sin cosc ar an údarás náisiúnta comhairliúcháin gníomhaíocht bhreise a dhéanamh. Má fhaightear an tuairim ó BCE tar éis na teorann ama, áiritheoidh na Ballstáit, ar a shon sin, go gcuirfear in iúl í do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 4.'

Cé nach leagtar síos teorainn ama chun tuairim ó BCE a ghlacadh i gCinneadh 98/415/CE, is é an taithí atá ann gur tréimhse thart faoi seachtaine ar an meán a bhíonn i gceist. D'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse níos faide ag teastáil i gcomhair an phróisis sin<sup>26</sup>, áfach, agus is léir go mbeidh éagsúlacht sa tréimhse iarbhir a bheidh ag teastáil chun tuairim a ghlacadh de réir chineál, chastacht agus íogaireacht na ndruchtforálacha reachtacha lena mbaineann.

De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh 98/415/CE, 'féadfaidh údaráis na mBallstát atá ag ullmhú foráil reachtach, má mheasann siad gur gá sin, teorainn ama a shocrú do BCE chun a thuairim a thíolacadh'. Mar sin féin, is teorainn ama í seo 'nach lú ná aon mhí amháin' ón dáta a bhfaigheann Uachtarán BCE an fógra.

Is é an taithí atá ann go mbaineann na Ballstáit míthuiscint, uaireanta, as an íosteorainn ama aon mhíosa amháin sin agus go measann siad de bharr na míthuisciana sin gur uasteorainn ama chaighdeánach í. I bhformhór na gcásanna, chun tuairimí ó BCE a ullmhú agus a ghlacadh, teastaíonn tréimhse ama chun an leagan Béarla de na druchtforálacha reachtacha a ullmhú, chun comhordú a

<sup>26</sup> Féach tuilleadh anseo thíos sa roinn seo.

dhéanamh ar obair na réimsí gnó inniúla in BCE a bhfuil baint acu le dréachtú na tuairime, agus chun barúlacha agus obsarváidí Ghobharnóirí BCN a fháil agus a thabhairt san áireamh sa nós imeachta i scríbhinn. Is gá dul i gcomhairle freisin leis an mBord Maoirseachta i gcás roinnt tuairimí a bhaineann le réimse na maoirseachta, sula gcuirtear an dréacht-tuairim faoi bhráid na Comhairle Rialaithe lena glacadh go críochnaitheach.

Sa chleachtas, is léir go bhfuil teorainn ama aon mhíosa amháin sách gearr. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh na húdaráis chomhairliúcháin in ann teorainn ama a shocrú ach amháin i gcásanna ina bhfuil géarghá leis go bhfaigheadh na húdaráis náisiúnta an tuairim ó BCE laistigh de mhí amháin. Mar a athdhearbhaíonn BCE go minic ina thuairimí, ní leor an fíoras go bhfuil céim i bhfad ar aghaidh sroichte sa phróiseas reachtach náisiúnta chun go n-éileodh na húdaráis chomhairliúcháin go nglacfaí an tuairim ó BCE go práinneach.

Faoi Airteagal 3(2) de Chinneadh 98/415/CE, féadfar an teorainn ama a laghdú i gcásanna fíorphráinne. Sna cásanna fíoreisceachtúla sin, ní mór don údarás comhairliúcháin na cúiseanna le práinn an ábhair a shonrú go sainráite. Moltar do na húdaráis chomhairliúcháin géilleadh don treoraíocht atá in aithris 6 de Chinneadh 98/415/CE, is é sin gur cheart go mbeadh de thoradh ar an idirphlé idir na húdaráis chomhairliúcháin agus BCE go mbeadh ar chumas BCE a thuairim a thabhairt go tráthúil i gcásanna práinneacha gan dochar do BCE a bheith in ann na dréachtfhorálacha reachtacha a scrúdú leis an gcúram is gá. Mar a thugtar faoi deara i Ranna 5.2.1 agus 5.2.2 den Treoirleabhar seo, is mór ag BCE freisin aistriúchán Béarla a fháil ar an meabhrán míniúcháin agus ar na príomh-dhréachtfhorálacha reachtacha a chuirtear faoina bhráid le haghaidh comhairliúcháin. Mar sin féin, níor cheart moill a chur ar an iarraidh ar thuairim ó BCE mar gheall ar aistriúchán den sórt sin a bheith in easnamh.

De bhun Airteagal 3(3) de Chinneadh 98/415/CE, i gcás ina bhfuil teorainn ama leagtha síos ag an údarás comhairliúcháin, féadfaidh BCE síneadh leis an teorainn ama sin go ceann ceithre seachtaine breise ar a mhéad a iarraidh. Sonraítear in Airteagal 3(3) nach ndiúltoídh an t-údarás comhairliúcháin go míréasúnta don iarraidh sin.

Sonraítear in Airteagal 3(4) de Chinneadh 98/415/CE '[m]ás rud é, ach a mbeidh an tréimhse sin caite, nach mbeidh tuairim faighte aige, ní chuirfidh sin cosc ar an údarás náisiúnta comhairliúcháin gníomhaíocht bhreise a dhéanamh'. Ciallaíonn sé sin, a luaithe a bheidh an teorainn ama caite, gur féidir leis na húdaráis ábhartha leanúint den nós imeachta chun an dréachtreachtaíocht a ghlacadh, ar nós imeachta é a cuireadh ar fionraí le linn dóibh dul i gcomhairle le BCE. Mar sin féin, fad nach bhfuil an reachtaíocht glactha go críochnaitheach, tá sé d'oibleagáid ar an údarás comhairliúcháin fós an tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh (agus í a chur in iúl don údarás glactha, más comhlacht difriúil é an t-údarás glactha sin).

## 5.4 Admháil fála

A luaithe a fhaightear an iarraidh ar thuairim, seoltar admháil fála chuig an údarás comhairliúcháin sa teanga chéanna ina ndearnadh an iarraidh ar thuairim.

Cuirtear na doiciméid tionlacain agus an t-aistriúchán Béarla chuig comhaltaí na Comhairle Rialaithe agus chuig Comhairle Ghinearálta BCE tráth a scaiptear an dréacht-tuairim.

## 5.5 An tuairim ó BCE a ullmhú agus a ghlacadh

Tar éis dó an iarraidh ar thuairim a fháil, bunaíonn BCE painéal chun tuairim a dhréachtú. Ar an bpainéal sin bíonn saineolaithe ó na réimsí gnó a bhaineann le topaic an chomhairliúcháin. Ag brath ar thosca amháil cineál, castacht agus fad na ndruchtforálacha reachtacha, chomh maith leis an bhfáil atá orthu as Béarla, d'fhéadfadh tréimhse idir cúpla lá agus sé seachtaine nó mar sin ar an meán a bheith ag teastáil chun iad a dhréachtú. Tugtar san áireamh freisin, nuair a bhíonn tuairim ó BCE á hullmhú, cúiseanna a bhfuil údar maith leo chun glacadh práinneach nó fíorphráinneach na tuairime a iarraidh.

Is ionstraim dlí de chuid BCE í tuairim agus, mar riail ghinearálta, is í an Chomhairle Rialaithe an comhlacht cinnteoireachta atá freagrach as tuairimí ó BCE a ghlacadh. Bíonn comhaltaí na Comhairle Ghinearálta rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta sin freisin chun rannchuidiú le feidhm chomhairleach BCE. Dá bhrí sin, tar éis bailchríoch a chur ar an dréachtú agus tar éis don Bhord Feidhmiúcháin í a fhorghníú, cuirtear an dréacht-tuairim faoi bhráid na Comhairle Rialaithe le haghaidh barúlacha agus faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle Ghinearálta le haghaidh obsarváidí. Is nós imeachta i scríbhinn é sin agus bítear ag gabháil dó ar feadh seachtaine nó mar sin de ghnáth.

Ionas go nglacfar tuairimí ó BCE maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe dul i gcomhairle freisin leis an mBord Maoirseachta.

Tar éis dó barúlacha agus/nó obsarváidí a fháil, déanann BCE athbhreithniú ar an dréacht-tuairim agus cuirtear amach í chun barúlacha nó obsarváidí breise a fháil trí nós imeachta i scríbhinn eile a mhaireann cúpla lá oibre. Mar sin féin, d'fhéadfadh an teorainn ama chun barúlacha agus obsarváidí a thabhairt sa dara nós imeachta i scríbhinn seo a bheith éagsúil, ag brath ar chineál an chomhairliúcháin agus ar líon agus ar chastacht na mbarúlacha a fuarthas sa chéad nós imeachta i scríbhinn. Sa dara nós imeachta i scríbhinn, de ghnáth ní thabharfaidh comhaltaí na Comhairle Ghinearálta agus na Comhairle Rialaithe ach barúlacha nó obsarváidí maidir leis na leasuithe a tugadh isteach sa dréacht-tuairim athbhreithnithe.

Iarrtar ar na húdaráis chomhairliúcháin castacht an phróisis comhairliúcháin a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn teorainneacha ama á socrú acu chun tuairim ó BCE a thíolacadh.

## 5.6 An réimeas teanga

Glactar tuairimí a iarrann údarás náisiúnta i dteanga oifigiúil an Bhallstáit atá i gceist (nó sa teanga chéanna ina ndearnadh an iarraidh ar thuairim má tá breis agus teanga oifigiúil amháin ag an mBallstát) agus sa Bhéarla.

## 5.7 An tuairim a tharchur agus í a bhreithniú tuilleadh

Tar éis an tuairim a ghlacadh, tarchuirtear chuig an údarás comhairliúcháin í. Sonraítear in Airteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE nach mór don údarás comhairliúcháin 'an tuairim ó BCE a thabhairt san áireamh sula ndéanfaidh sé a chinneadh maidir leis an tsubstaint' agus foráiltear leis freisin gur cheart dó an tuairim ó BCE a chur ar a shúile don údarás glactha más údarás é an t-údarás glactha sin nach é an t-údarás comhairliúcháin é.

Tar éis an próiseas reachtach a thabhairt chun críche, is mór ag BCE go seolfaí chuige cóip de na forálacha reachtacha mar a glacadh iad ar deireadh. Molann BCE, i gcás ina raibh dréachtforálacha reachtacha faoi réir comhairliúcháin le BCE, gur cheart don údarás comhairliúcháin cóip de na forálacha reachtacha arna nglacadh nó tagairt dóibh a sheoladh chuig Rúnaíocht BCE.

## 5.8 Foilsiú

Tá an Chomhairle Rialaithe tar éis a beartas trédhearcachta maidir le comhairliúcháin náisiúnta a leathnú de réir a chéile. Ó mhí an Mheithimh 2020 i leith, foilsítear ar EUR-Lex tuairimí uile BCE, mar aon le litreacha ina ndiúltaítear tuairimí ó BCE a ghlacadh mar fhreagairt ar iarrataí ar chomhairliúcháin nó ina sainaitnítear cásanna nach gcomhlíonann na húdaráis náisiúnta a ndualgas dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtreachtaíocht náisiúnta. Arna iarraidh sin don údarás comhairliúcháin agus ar choinníoll go bhfuil forais shonracha ann le staonadh óna foilsiú láithreach, foilsítear an tuairim sé mhí ar a dhéanaí tar éis a glactha. Sa chleachtas, is fíor-annamh a dhéantar tuairimí a fhoilsiú ar bhonn moillithe.

### 5.8.1 Rannán BCE ar EUR-Lex

I **rannán BCE** ar EUR-Lex tá fáil go tapa, gan stró ar thuairimí uile BCE sna teangacha ábhartha. Uaidh sin, is féidir leis an úsáideoir brabhsáil ar thopaicí éagsúla de réir réimsí inniúlachta BCE. Taispeántar i bhfuinneog forléargais na gníomhartha dlí is déanaí a foilsíodh, agus tá liosta iomlán de na gníomhartha dlí atá sórtáilte de réir dáta le fáil freisin, agus an rogha ag an úsáideoir tuairimí BCE a scagadh amach. Ar ghrafaicí faisnéise idirghníomhacha taispeántar staidreamh a bhaineann le tuairimí BCE; is féidir an staidreamh sin a thiomsú gan stró de réir cineál gníomhartha, topaicí agus tréimhsí. Leis na feidhmiúlachtaí cuardaigh atá ar fáil is féidir tuairimí BCE a chuardach trí úsáid a bhaint as eochairfhocail, uimhir an

doiciméid, an bhliain nó critéir eile. I gcás gach tuairime is féidir teacht ar an leagan Béarla agus ar an leagan sa teanga náisiúnta, ionas go bhfeictear an gaol atá ag an tuairim sin le doiciméid eile agus an nós imeachta as ar eascair glacadh gach aon tuairime. Tá faisnéis agus treoraíocht úsáideach ar shuíomh gréasáin BCE freisin i dtaobh úsáid a bhaint as EUR-Lex.

### Fíor 3

#### Rannán BCE ar leathanach lamairne EUR-Lex

##### An Banc Ceannais Eorpach


Cuardach tapa i ndoiciméid BCE

Is institiúid de chuid an Aontais é an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a oibríonn faoi rialacha a shainítear go soiléir, ar rialacha iad is féidir is féidir a aimsiú i ndlí príomha agus tánaisteach an Aontais. Agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, is féidir le BCE gníomhartha dlí a ghlacadh agus tuairimí a sholáthar agus a fhoilsiú maidir le reachtaíocht bheartaithe laistigh dá réimsí iniúlachta. Sa rannán seo, tiocfaidh tú ar ghníomhartha dlí uile BCE – leasuithe, ceartúcháin agus leaganacha comhdhlúite ina measc – i dteangacha ábhartha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, chomh maith le cásdlí atá ábhartha do BCE.

##### Brabhsáil de réir ábhair

- Creat dlí CEBC
- + Forálacha institiúideacha BCE
- + Beartas airgeadaíochta agus oibríochtaí
- + Córais íocaíochta agus socraíochta
- + Nótaí bainc agus boinn, modhanna íocaíochta agus cúrsaí airgeadra
- + Malairt eachtrach agus cúlchistí eachtracha
- + Staitisticí
- Cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais
- + Maoirseacht baincíreachta

##### Amharc-nascleanúint



##### Doiciméad BCE a aimsiú

Bliain Uimhir Uile

##### Cás cúirte is ábhartha do BCE a aimsiú

Bliain Uimhir Uile



#### Fíor 4

Is féidir teacht ar thuairimí agus litreacha uile BCE i rannán BCE ar EUR-Lex.

Doiciméad BCE a aimsiú

Bliain Uimhir Uile

- Uile
- Rialachán
- Cinneadh
- Treoirlíne
- Tuairim
- Moladh
- Litir
- Meabhrán comhaontaithe
- Comhaontú

#### Fíor 5

Is féidir na gníomhartha dlí a chúngú de réir a ngnéithe (is é an cineál gnímh a thaispeántar anseo) ach úsáid a bhaint as na scagairí ar thaobh na lámhe clé de leathanach na dtorthaí

- ▼ Cineál gnímh
  - Tuairim maidir le dréacht-reachtaíocht náisiúnta (1380)
  - Tuairim (273)
  - Tuairim féintionscnaimh (17)
  - Tuairim féintionscnaimh maidir le dréacht-reachtaíocht náisiúnta (15)
  - Ceartúchán (5)

## 6 Comhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE

Chun a áirithiú go gcomhlíontar an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE, ceanglaítear le hAirteagal 4 de Chinneadh 98/415/CE ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ‘chun go comhlíonfar go héifeachtach’ Cinneadh 98/415/CE. Déanann CEBC dlúthfhaireachán ar fhorbairtí reachtacha intíre i dtaca le dréachtreachtaíocht a bhaineann le réimsí inniúlachta BCE. Déanann CEBC faireachán agus tuairisciú go tráthrialta freisin ar chomhlíonadh na hoibleagáide, ag na húdaráis náisiúnta, dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha den sórt sin. Ina theannta sin, tar éis dó a shuí gur sáraíodh an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha laistigh dá réimsí inniúlachta, tugann BCE fógra don údarás inniúil náisiúnta atá i gceist, agus seolann sé cóip den fhógra sin freisin chuig Gobharnóir BCN an Bhallstáit lena mbaineann agus chuig an gCoimisiún.

Aon chásanna inar léir gur díol tábhachta é neamhchomhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE nó go dtarlaíonn an neamhchomhlíonadh sin ar bhonn atriallach, ba cheart iad a áireamh freisin i dTuarascáil Bhliantúil BCE. Is ‘léir’ gur ann do neamhchomhlíonadh den sórt sin i gcás nach bhfuil aon amhras dlíthiúil ann go hoibiachtúil ach gur cheart go mbeifí tar éis dul i gcomhairle le BCE. Bíonn cásanna de neamhchomhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE ‘tábhachtach’ (a) más rud é, dá mbeifí tar éis an comhairliúchán a dhéanamh go cuí, go mbeadh barúlacha criticiúla suntasacha curtha in iúl ag BCE maidir le substaint an togra reachtaigh, nó (b) más rud é go bhfuil tábhacht ghinearálta ag baint leis an neamhchomhlíonadh ó thaobh CEBC de. Chun na críche sin, meastar go bhfuil tábhacht ghinearálta ó thaobh CEBC de ag baint le cásanna nach dtéitear i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhorálacha reachtacha náisiúnta lena dtugtar cúram nua do BCN nó lena leasaítear go substaintiúil cúram BCN atá ann cheana. An dearcadh sin maidir le tábhacht ghinearálta, is léiriú é gur den tábhacht é go gceanglófaí fós ar na húdaráis náisiúnta, i bprionsabal, dul i gcomhairle le BCE i gcás den sórt sin ina dtugtar nó ina leasaítear cúram (ós rud é go dtagraítear in Airteagal 2(1), an tríú fleasc, de Chinneadh 98/415/CE do BCNanna), d’ainneoin na bprionsabal atá leagtha amach i Roinn 4 den Treoirleabhar seo i ndáil le neamhghlacadh tuairimí ó BCE. Ar deireadh, is cás ‘atriallach’ é cás inar mhainnigh an Ballstát céanna dul i gcomhairle le BCE trí huair ar a laghad laistigh de dhá bhliain as a chéile, agus inar tharla mainneachtain amháin, ar a laghad, díobh sin sa bhliain is déanaí atá á breithniú.

Ar deireadh, is mór ag BCE go gcoinnítear ar an eolas é faoin bhfreagairt ar a thuairimí agus go bhfaigheann sé mionsonraí i dtaobh na leasuithe sin chun críocho faisnéise.

## 7 Na hiarmhairtí dlíthiúla a ghabhann le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE

Is sárú ar Chinneadh 98/415/CE é neamhchomhlíonadh na hoibleagáide dul i gcomhairle le BCE maidir le dréachtfhoráil reachtach laistigh dá réimsí inniúlachta agus d'fhéadfadh imeachtaí um shárú os comhair na Cúirte a bheith mar thoradh air. Is féidir leis an gCoimisiún imeachtaí den sórt sin a thionscnamh i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann faoi Airteagal 258 den Chonradh<sup>27</sup> nó is féidir le Ballstát eile iad a thionscnamh faoi Airteagal 259 den Chonradh. Tá an oibleagáid dul i gcomhairle le BCE faoi Chinneadh 98/415/CE beacht, soiléir agus neamhchoinníollach, agus dá chionn sin is féidir le daoine aonair dul i muinín na hoibleagáide sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Dá bhrí sin, is féidir a iarraidh ar na cúirteanna náisiúnta rialú a thabhairt ar bhailíocht nó in-fhorfheidhmitheacht forála náisiúnta a glacadh gan dul i gcomhairle le BCE<sup>28</sup>. Ar deireadh, féadfaidh na cúirteanna náisiúnta ceist a tharchur chuig an gCúirt, faoi Airteagal 267 den Chonradh, le haghaidh réamhrialú i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil foráil náisiúnta a glacadh gan dul i gcomhairle le BCE bailí agus in-fhorfheidhmithe. Dá bhrí sin, is faoin gCúirt atá sé ar deireadh cinneadh a dhéanamh i dtaobh na n-iarmaidí dlíthiúla faoi dhlí an Aontais a ghabhann le neamhchomhlíonadh, ag Ballstát, an dualgais dul i gcomhairle le BCE maidir le reachtaíocht náisiúnta.

Iarradh go mion minic ar an gCúirt rialú a thabhairt ar in-fhorfheidhmitheacht forálacha náisiúnta a glacadh gan fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún, mar a cheanglaítear le gníomhartha sonracha de chuid an Aontais<sup>29</sup>. I roinnt de na cásanna sin, a bhain, i ngach uile chás díobh, leis an nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil (atá leagtha síos anois i dTreoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>, lenar aisghaireadh Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup>), chinn an Chúirt go meastar, maidir le foráil náisiúnta a glacadh gan fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún, gur glacadh an fhoráil sin de shárú ar cheanglas substaintiúil nós imeachta agus, dá réir sin, go bhfuil sí neamh-inforfheidhmithe i gcoinne daoine

<sup>27</sup> Má mhainníonn BCN a bhfuil cumhachtaí rialála aige dul i gcomhairle le BCE i gcomhréir le Cinneadh 98/415/CE, féadfaidh BCE féin imeachtaí um shárú a thionscnamh faoi Airteagal 271, pointe (d), den Chonradh agus faoi Airteagal 35.6 de Reachtaíocht CEBC.

<sup>28</sup> Féach, mar shampla, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2015 ó Chúirt Uachtarach na Cipire i gCásanna Uamtha Uimh. 1551-1571/2011.

<sup>29</sup> Féach, inter alia, Cás 174/84, *Bulk Oil v Sun International*, ECLI:EU:C:1986:60; Cás C-194/94, *CIA Security International v Signalson and Securitel*, ECLI:EU:C:1996:172; Cás C-226/97, *Lemmens*, ECLI:EU:C:1998:296; Cás C-235/95, *AGS Assedic Pas-de-Calais*, ECLI:EU:C:1998:365; Cás C-443/98, *Unilever*, ECLI:EU:C:2000:496; Cás C-159/00, *Sapod Audic*, ECLI:EU:C:2002:343; Cás C-303/04, *Lid Italia*, ECLI:EU:C:2005:528.

<sup>30</sup> Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na rialachán teicniúil agus maidir le soláthar rialacha i dtaobh seirbhíse de chuid na Sochaí Faisnéise (códú) (IO L 241, 17.9.2015, Ich. 1).

<sup>31</sup> Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil (IO L 204, 21.7.1998, Ich. 37).

aonair<sup>32</sup>. Is cásdlí seanbhunaithe de chuid na Cúirte é freisin nach mór gach leigheas atá ar fáil de ghnáth faoin dlí náisiúnta a bheith ar fáil do dhlíthithe atá ag iarraidh éilimh a fhorfheidhmiú faoi dlí an Aontais<sup>33</sup>. Sna Ballstáit sin ina bhfuil sé de cheart ag daoine aonair imeachtaí a thionscnamh chun foráil reachtach náisiúnta a neamhniú ar an bhforas go bhfuil fabht tromchúiseach nós imeachta ann, d'fhéadfadh an ceart a bheith ag daoine aonair freisin féachaint le forálacha reachtacha náisiúnta a glacadh de shárú ar cheanglas fíor-riachtanach nós imeachta de chuid dhlí an Aontais, amhail dul i gcomhairle roimh ré le BCE, a neamhniú.

---

<sup>32</sup> Féach Cás C-303/04, *Lidl Italia*, ECLI:EU:C:2005:528, ina dtagraítear do Chás C-194/94, *CIA Security International v Signalson and Securitel*, ECLI:EU:C:1996:172; Cás C-226/97, *Lemmens*, ECLI:EU:C:1998:296; féach freisin Cás C-443/98, *Unilever*, ECLI:EU:C:2000:496; agus Cás C-159/00, *Sapod Audic*, ECLI:EU:C:2002:343. Is é tuairim na Cúirte, maidir le caighdeán teicniúla agus rialacháin arna dtabhairt isteach leis an dlí náisiúnta, go bhfuil an oibleagáid réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún ceaptha cosaint a thabhairt, trí bhíthin rialú coisctheach, do shaorghluaiseacht earraí, atá ar cheann de bhunchlocha an Aontais: tá an oibleagáid sin bunriachtanach, dá bhrí sin, chun nach gcruthóidh na Ballstáit bacainní teicniúla ná bacainní ar shaorghluaiseacht sa mhargadh aonair.

<sup>33</sup> Féach, mar shampla, Cás 158/80, *Rewe*, ECLI:EU:C:1981:163; Cás C-228/98, *Dounias*, ECLI:EU:C:2000:65.

# Iarscríbhinn

## Council Decision 98/415/EC of 29 June 1998 on the consultation of the European Central Bank by national authorities regarding draft legislative provisions<sup>34</sup>

### The Council of the European Union,

Having regard to the Treaty establishing the European Community and in particular Article 105(4) thereof and Article 4 of the Protocol on the Statute of the European System of Central Banks and of the European Central Bank annexed thereto,

Having regard to the proposal from the Commission<sup>35</sup>,

Having regard to the opinion of the European Parliament<sup>36</sup>,

Having regard to the opinion of the European Monetary Institute<sup>37</sup>,

Acting in accordance with the procedure provided for in Article 106(6) of the Treaty and in Article 42 of the said Protocol,

(1) Whereas the European Central Bank (ECB) will be established as soon as its Executive Board is appointed;

(2) Whereas the Treaty stipulates that national authorities shall consult the ECB regarding any draft legislative provision in its fields of competence; whereas it is for the Council to set out the limits and the conditions of such consultation;

(3) Whereas this obligation on the authorities of the Member States to consult the ECB must not prejudice the responsibility of these authorities for the matters which are the subject of such provision; whereas Member States must consult the ECB on any draft legislation in its fields of competence in accordance with Article 105(4) of the Treaty; whereas the list of particular areas included in Article 2 of this Decision is not exhaustive; whereas the sixth indent of Article 2 of this Decision is without prejudice to the present assignment of competences for policies relating to the prudential supervision of credit institutions and the stability of the financial system;

(4) Whereas the monetary functions and operations of the European System of Central Banks (ESCB) are defined in the Statute of the ESCB and of the ECB; whereas central banks of participating Member States are an integral part of the ESCB and must act in accordance with the guidelines and instructions of the ECB; whereas, in the third stage of Economic and Monetary Union (EMU), the authorities

---

<sup>34</sup> OJ L 189, 3.7.1998, p. 42.

<sup>35</sup> OJ C 118, 17.4.1998, p. 11.

<sup>36</sup> OJ C 195, 22.6.1998.

<sup>37</sup> Opinion delivered on 6 April 1998 (not published in the Official Journal).

of non-participating Member States must consult the ECB on draft legislative provisions on the instruments of monetary policy;

(5) Whereas as long as Member States do not participate in the monetary policy of the ESCB, this Decision does not concern decisions taken by authorities of these Member States in the context of the implementation of their monetary policy;

(6) Whereas consultation of the ECB must not unduly lengthen procedures for adopting legislative provisions in the Member States; whereas the time limits within which the ECB must deliver its opinion must, nevertheless, enable it to examine the texts referred to it with the required care; whereas, in duly justified cases of extreme urgency, for which the reasons will be stated, for example on account of market sensitivity, Member States may set a time limit which is less than one month and which reflects the urgency of the situation; whereas in these cases particularly, dialogue between the national authorities and the ECB should enable the interests of both to be taken into account;

(7) Whereas, in accordance with paragraphs 5 and 8 of Protocol No 11 annexed to the Treaty, this Decision shall not apply to the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland if and so long as that Member State does not move to the third stage of EMU;

(8) Whereas, from the date of the establishment of the ECB until the start of the third stage of EMU, national authorities have to consult the ECB, pursuant to Decision 93/717/EC<sup>38</sup> and Article 109(2) of the Treaty,

HAS ADOPTED THIS DECISION:

#### **Article 1**

1. For the purpose of this Decision:

‘participating Member State’ shall mean a Member State which has adopted the single currency in accordance with the Treaty;

‘draft legislative provisions’ shall mean any such provisions which, once they become legally binding and of general applicability in the territory of a Member State, lay down rules for an indefinite number of cases and are addressed to an indefinite number of natural or legal persons.

2. Draft legislative provisions shall not include draft provisions the exclusive purpose of which is the transposition of Community directives into the law of Member States.

---

<sup>38</sup> OJ L 332, 31.12.1993, p. 14.

## Article 2

1. The authorities of the Member States shall consult the ECB on any draft legislative provision within its field of competence pursuant to the Treaty and in particular on:
  - currency matters,
  - means of payment,
  - national central banks,
  - the collection, compilation and distribution of monetary, financial, banking, payment systems and balance of payments statistics,
  - payment and settlement systems,
  - rules applicable to financial institutions insofar as they materially influence the stability of financial institutions and markets.
2. In addition, the authorities of Member States other than participating Member States shall consult the ECB on any draft legislative provisions on the instruments of monetary policy.
3. The ECB shall, immediately on receipt of any draft legislative provision, notify the consulting authority whether, in its opinion, such provision is within its field of competence.

## Article 3

1. The authorities of the Member States preparing a legislative provision may, if they consider it necessary, set the ECB a time limit for the submission of its opinion which may not be less than one month from the date on which the President of the ECB receives notification to this effect.
2. In case of extreme urgency, the time limit may be reduced. In this case, the consulting authority shall state the reasons for the urgency.
3. The ECB may request in due time an extension of the time limit for up to an additional four weeks. This request shall not be unreasonably declined by the consulting authority.
4. Upon expiry of the time limit, the absence of an opinion shall not prevent further action by the consulting national authority. Should the opinion of the ECB be received after the time limit, Member States shall, nevertheless, ensure that it is brought to the knowledge of the authorities referred to in Article 4.

## Article 4

Each Member State shall take the measures necessary to ensure effective compliance with this Decision. To that end, it shall ensure that the ECB is consulted at an appropriate stage enabling the authority initiating the draft legislative provision

to take into consideration the ECB's opinion before taking its decision on the substance and that the opinion received from the ECB is brought to the knowledge of the adopting authority if the latter is an authority other than that which has prepared the legislative provisions concerned.

#### **Article 5**

1. This Decision shall apply from 1 January 1999.
2. Decision 93/717/EC shall be repealed with effect from 1 January 1999.

#### **Article 6**

This Decision is addressed to the Member States.

Done at Luxembourg, 29 June 1998.

For the Council

The President

R. COOK



© **An Banc Ceannais Eorpach, 2025**

Seoladh poist 60640 Frankfurt am Main, an Ghearmáin  
Guthán +49 69 1344 0  
Suíomh gréasáin [www.ecb.europa.eu](http://www.ecb.europa.eu)

Gach ceart ar cosaint. Ceadáítear atáirgeadh ar mhaithe le hoideachas agus le cúiseanna nach mbaineann le tráchtáil ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

Chun téarmaíocht shonrach a fháil, féach [gluais BCE](#) (le fáil i mBéarla amháin).

PDF ISBN 978-92-899-7254-3, doi:10.2866/0708912, QB-01-25-092-GA-N